
Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais **2011**

# Pobail a Nascadh




Bus Éireann

PRN. A12/0344

# Clár Ábhar

Athbhreithniú ar Oibríochtaí ..... 2
Stiúrthóirí agus Faisnéis eile ..... 14
Tuarascáil na Stiúrthóirí ..... 17
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí ..... 20
Tuarascáil na nIniúchóirí ..... 21
Príomhbheartais Chuntasaíochta ..... 23
Cuntas Brabúis agus Caillteanais ..... 24
Clár Comhardaithe ..... 25
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid ..... 26
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais ..... 27

Is mian le Bus Éireann a mbuíochas a chur in iúl le Rialtas na hÉireann as an maoiniú le haghaidh tionscadail mhóra faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus leis an Aontas Eorpach as an gcómhaoiniú.

NDP Plean Forbartha Náisiúnta Athrú Mór ar Éirinn

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí

## Ár bhFís

Tá Bus Éireann tiomanta go hiomlán do riachtanais ár gcustaiméirí a shásamh le seirbhís mhealltach, inbhuanaithe agus éifeachtach ó thaobh costais.

## Ár bPrionsabail

Tá sábháilteacht ár gcustaiméirí agus ár bhfoirne ríthábhachtach do Bhus Éireann. Is iad na custaiméirí an difríocht sa tseirbhís a chuirimid ar fáil. Saibhríonn Bus Éireann an geilleagar, an timpeallacht agus saol na bpobal mórthimpeall na tíre ar bhealach inbhuanaithe. Táimid tiomanta d'oibriú go crua agus do dhíriú ar ár seirbhísí a sheachadadh ar bhealach éifeachtach ó thaobh costais agus éifeachtúil.

## Ár gCuspóirí

Leanann Bus Éireann ag feabhsú agus ag breisiú seirbhísí chun riachtanais ár gcustaiméirí a shásamh. Ar feadh os cionn 25 bliain, tá Bus Éireann ina chuid ríthábhachtach agus lárnach de bhonneagar iompair na hÉireann. Táimid ag leanúint de bheith ag tógáil ar an traidisiún de sheirbhís phoiblí agus saineolas iompair chun córas bus agus cóiste a chur ar fáil d'Éireann ar féidir a bheith bródúil as.

## Athbhreithniú agus Léargas Ginearálta Airgeadais

Le linn 2011, lean Bus Éireann ag díriú go mór ar chostas a laghdú agus margaíocht a dhéanamh ar ár seirbhísí chun ioncam ó phaisinéirí a uasmhéadú. B'ionann an t-ioncam iomlán in 2011 agus €283.7m. B'ionann é agus €285.9m in 2010. Thuil an chuideachta brabús €0.5 milliún, tar éis míreanna eisceachtúla, in 2011 i gcomórtas le caillteanas €2.2 milliún in 2010. B'ionann an caillteanas roimh mhíreanna eisceachtúla agus €1.8 milliún in 2011 i gcomórtas le caillteanas €2.2 milliún in 2010.

Bhí drochthionchar ag an gcúlú eacnamaíochta, le tosca amhail dífhostaíocht ardaithe, laghdú i gcaiteachas miondíola agus níos lú ioncaim indiúscartha, ar "chúiseanna taistil" custaiméirí le linn 2011, ach d'fhreagair an chuideachta trí mhargaíocht láidir a dhéanamh ar a ghréasán seirbhísí PSO agus tráchtála agus d'éirigh leis ioncam ó phaisinéirí a choinneáil ag leibhéil 2010. Tá an chuideachta ag déanamh tréaniarracht gréasán seirbhísí lán-chomhtháite a chothabháil i margadh an-iomaíoch agus dúshlánach. Tháinig laghdú timpeall 1.4% ar líon na bpaisinéirí ar sheirbhísí i gcathracha cúigeacha i gcomórtas leis an mbliain 2010 agus laghdaigh an líon paisinéirí ar sheirbhísí sceidealaithe eile 2.5%.


Leanadh ag coigilt in 2011 de bharr atheagrú agus athstruchtúrú a rinneadh ar sheirbhísí PSO áirithe le linn 2010. D'éirigh leis an gcuideachta airgead a choigilt chomh maith trína chlár laghdaithe costais leanúnach. Rinneadh na coigiltis seo ar fad agus an chuideachta ag leanúint le gréasán cuimsitheach comhtháite iompair seirbhísí a chur ar fáil ag an am céanna. Ar an iomlán, laghdaíodh caiteachas gan breosla san áireamh €8.0m i gcomparáid le leibhéil 2010, ach chosain arduithe i gcostas breosla €3.5m ar an gcuideachta.

Tá Bus Éireann tiomanta do chinntiú go laghdaítear bunús costais oibriúcháin na cuideachta de réir laghdú i leibhéil éileamh agus laghdú i maoiniú státchiste. Tá an chuideachta ag leanúint lena iarrachtaí chun caiteachas a laghdú a thuilleadh le linn 2012 i dtimpeallacht gheilleagrach a bheidh fós an-dúshlánach.

Leanadh ag laghdú an lín foirne thar gach grád le linn 2011 agus an meánlíon foirne ag 2,605 i gcomparáid le 2,704 in 2010, laghdú 99. Laghdaíodh costais phárolla €6.2m (4%) in 2011 agus is éard is ciall leis seo gur laghdaíodh costais phárolla €15.2m (10%) ar an iomlán ó 2009. B'éigean réimse gníomhartha dúshlánacha a chur i bhfeidhm faoi choinne an choigiltis seo agus baineadh amach iad le comhoibriú na foirne ar fad sa chuideachta.

Lean Bus Éireann ag infheistiú ina chabhlach, áiseanna córais TF agus gléasra agus innealra le fanacht iomaíoch agus chun leibhéil chaighdeáin a choimeád.

Leagtar amach an fheidhmíocht ioncaim le blianta beaga anuas sa tábla thíos:






*Tháinig 88 feithicil nua isteach chuig Calafort Bhaile Átha Cliath ag deireadh 2011. Tá gnéithe ar na feithiclí nua cosúil le Wi-Fi, soicéid chumhachta, agus ceangaltáin Iso-Fix do shuíocháin sábháilteachta leanaí.*

## Seirbhís Iompair Phoiblí Éifeachtúil agus Sábháilte

Rinneadh an chuideachta coigiltis shuntasacha le blianta beaga anuas de réir éileamh laghdaithe agus laghdú ar infhaighteacht maoiniú státchiste. Dearadh an Clár Aisghabhála Costais 2009 chun gréasán athstruchtúrtha seirbhísí PSO a sheachadadh agus baineadh amach na spriocanna ar fad lena mbaineann. Lean Bus Éireann ag díriú ar an mbonn costais oibriúcháin leanúnach a laghdú agus rinneadh coigiltis €8m le linn 2011. Díríodh ar chostais a laghdú agus ardchaighdeáin chúram do chustaiméirí a chothabháil. Is í an tsábháilteacht an phríomhthosaíocht don chuideachta fós.

Dar le tuarascáil choimisiúnaithe neamhspleách Deloitte, is oibreoir éifeachtúil, éifeachtach iompair phoiblí é Bus Éireann i gcomórtas le caighdeáin Eorpacha. Anuas air sin, tugann an tuarascáil le fios go bhfaigheann Bus Éireann níos lú fóirdheontas ná oibreoirí eile dá shamhail san Eoraip.

I rith 2011, lean an chuideachta ag forfheidhmiú bearta breise éifeachtachta mar a moladh i dtuarascáil Deloitte. Áiríodh anseo úsáid feithiclí ardchumais, comhtháthú leis an gClár Iompair Tuaithe agus seirbhísí iompair HSE, agus rannpháirtíocht sa tionscadal taispeána Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI). Feabhsaíodh gach Príomhtháscaire Feidhmíochta le linn 2011 agus táthar ag díriú ar thuilleadh feabhsúcháin do 2012.

Baineadh amach éifeachtúlachtaí costais i seirbhísí iompair scoile chomh maith trí phleanáil gréasáin d'fhonn seirbhísí a fhorbairt go hiomlán, chomh maith le cónascadh bealaí agus idirbheartaíocht faoi rátaí conraitheora in athuair. Tá luach €25.0m de bhearta coigilte costais in iompar scoile bainte amach ag Bus Éireann ó 2008. Chuir éifeachtúlachtaí a baineadh amach in 2011 go mór leis na riachtanais chun coigiltis €17m a bhaint amach sa Bhuiséad Iompair Scoile faoi 2014 faoin bPlean Téarnaimh Náisiúnta 2011 go 2014.

Úsáideadh teicneolaíocht chomh maith chun costais a laghdú. Laghdaíodh na huaireanta oscailte d'oifigí ticéad de bharr ardú i ndíolacháin ticéad ar líne agus úsáid meaisín díola ticéad. Tá an chuideachta tiomanta do theicneolaíocht agus nuálaíocht a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú chun taithí an chustaiméara a fheabhsú. Tabhairt isteach Wi-Fi ar ár mbusanna mar shampla.

Tá cláir leanúnacha againn de phromóisin nuálacha chun custaiméirí agus custaiméirí féideartha a chur ar an eolas maidir leis an tseirbhís de luach iontach a chuirimid ar fáil.

## An tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí (PSO)

Fuair an chuideachta maoiniú caipitil €20.4m as seirbhísí PSO ón NTA in 2011, a chur ar ár gcumas 60 feithicil PSO nua a cheannach agus infheistiú a dhéanamh i dtionscnaimh bhreise chun seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú.

Rialaíonn Conarthaí Iompair Phoiblí idir an NTA agus Bus Éireann maoiniú sheirbhísí PSO. Tá feidhm leis an gconradh reatha ar feadh cúig bliana go dtí 2014. Luaitear sa chonradh caighdeáin na feidhmíochta oibriúcháin agus seirbhísí do chustaiméirí nach mór do Bhus Éireann a choinneáil. Sa bhliain 2011, chomhlíon an chuideachta na spriocanna feidhmíochta a leagtar amach sa chonradh.


Fuair Bus Éireann fóirdheontas €43.4m ón Stát, mar íocaíocht ar PSO in 2011, anuas ó €49.4m dhá bhliain roimhe sin in 2009.

## Treochtaí Margaidh

Le déanaí, tá titim mhór ar an éileamh ar iompar poiblí feicthe ag Bus Éireann de thairbhe an laghdaithe ar líon na ndaoine i mbun fostaíochta, an mheatha mhóir ar chúrsaí miondíola, agus an trálachta mhóir ar líon na dturasóirí a tháinig chun na hÉireann. Ach in 2011 d'éirigh le Bus Éireann an laghdú i bpaisinéirí bóthair a choimeád ag 2% agus líon na dturas custaiméirí ag laghdú ó 37.3m in 2010 go 36.5m in 2011.

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig**

| Turais chustaiméara | 2011 000anna | 2010 000anna |
|---|---|---|
| Seirbhísí Cathrach Cúige | 16,389 | 16,620 |
| Seirbhísí eile sceidealaithe | 20,112 | 20,640 |
| Scéim Iompar Scoile | 41,814 | 42,327 |
| **IOMLÁN** | **78,315** | **79,587** |




## Mórfhostóir agus Cuideachta a Chuireann le Geilleagair Áitiúla

Is mórfhostóir náisiúnta é Bus Éireann ag a bhfuil fórsa saothair 2,605 ag láithreacha ar fud na tíre.

Tá 1,461 soláthróir breise, a chuireann timpeall 3,335 feithicil ar fáil agus a chuireann os cionn 4,000 post ar fáil, faoi chonradh le seirbhísí a sholáthar, don Scéim Iompar Scoile go príomha. Cruthaíonn ár ngníomhaíochtaí gnó fostaíocht do dhaoine i mórán earnálacha eile leis. Tugann na dreamanna seo earraí agus seirbhísí do Bhus Éireann go háitiúil agus go náisiúnta.

Thug Bus Éireann €58.3m don Státchiste in 2011 trí íocaíochtaí ÍMAT/ÁSPC, CBL, Cáin Charbóin, agus Dleacht Mháil.

## An Coiste Iompair Tuaithe Náisiúnta Comhtháite

De réir bheartas an Rialtais agus thuarascáil Deloitte, lean Bus Éireann ag obair go dlúth le Pobal/leis an gClár Iompair Tuaithe (RTP), HSE, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun Seirbhís Iompair Chomhtháite chomhordaithe a fhorbairt.

Is é an aidhm atá leis réimse breisithe seirbhísí iompair áitiúla agus tuaithe a chur ar fáil trí bhailte fearainn agus sráidbhailte a nascadh le bailte agus cathracha agus áiteanna eile ar bhealach a thugann luach ar airgead trí úsáid níos fearr a bhaint as gréasáin agus as acmhainní iompair.

## Béim ar Phobail agus ar Chustaiméirí

Soláthraíonn Bus Éireann seirbhísí bus riachtanacha ar fud na tíre, a chuireann le pobail áitiúla, a éascaíonn forbairt gheilleagrach agus a bhreisíonn cáilíocht na beatha do go leor daoine a chónaíonn i gceantair thuaithe nó chúigeacha. Bhreisigh na taispeántais faisnéise do chustaiméirí ag scáthláin, stadanna agus stáisiúin, agus an clár ionadaithe scáthlán bus ár leibhéil cáilíochta seirbhíse.

Léiríonn suirbhéanna neamhspleácha go bhfuil ardleibhéal sástachta i measc custaiméirí fós ag Bus Éireann.

Anuas air sin, d'éirigh thar barr leis an gcuideachta i dtéarmaí sábháilteacht busanna (93%); foireann na stáisiún (90%); cairdiúlacht na dtiománaithe (87%); agus soláthar faisnéise (83%).

Lean suíomh gréasáin Bus Éireann – www.buseireann.ie – de bheith ina acmhainn faisnéise agus pleanála turais a raibh an-tóir air don phobal a bhí ag taisteal, agus fuair an suíomh meán de 400,000 cuairteoir aonair sa mhí in 2011, arbh ionann é agus méadú 5% ón mbliain roimhe agus dá bhrí sin bhí suíomh gréasáin Bhus Éireann fós ar cheann de na suíomhanna gréasáin is mó a fuair cuairteoirí in Éirinn. Tháinig méadú os cionn 36% ar dhíolacháin trí shuíomh gréasáin na cuideachta le linn na bliana. Tá os cionn 13,000 duine ag leanúint Bus Éireann anois ar Facebook. Tá bealaí nua á lorg ag Bus Éireann i gcónaí chun teicneolaíocht agus cumarsáid a fheabhsú de réir mar a fhorbraíonn córais nua.

Mar aon le faisnéis agus agus ceannach ticéad, tá gné pleanála turais ar shuíomh gréasáin na cuideachta a chuireann ar chumas custaiméirí atá ag taisteal chuig cinn scríbe éagsúla ar fud na tíre féachaint ar na ceangail ar aghaidh ar féidir leo a dhéanamh le gréasán comhtháite Bhus Éireann.

D'éirigh go han-mhaith leis an scéim a shábhálann cáin in 2011; cheannaigh os cionn 670 cuideachta ticéid Bhus Éireann a shábhálann cáin agus d'ardaigh ioncam 26%. In 2011, thug Bus Éireann, Iarnród Éireann agus Bus Átha Cliath isteach an córas áirithinte comhtháite ar líne a shábhálann cáin. Tá fáilte curtha ag cuideachtaí roimh a éasca agus atá sé an córas áirithinte nua ar líne a úsáid.

## Labhairt lenár gCustaiméirí

Is príomhthosaíocht atá ann do Bhus Éireann monatóireacht a dhéanamh ar shástacht custaiméara agus í a fheabhsú agus déantar é seo trí rannpháirtíocht leanúnach lenár gcustaiméirí. Déanann foireann Bhus Éireann idirghníomhaíocht le custaiméirí ar bhonn laethúil, ar toisc ríthábhachtach é chun sástacht custaiméara agus aiseolas custaiméara a fheabhsú.

Déantar iniúchadh neamhspleách go ráithiúil chun feidhmíocht Bhus Éireann a thomhas i dtaobh a thiomantais seirbhíse a shásamh. Leagtar réimse tiomantais seirbhíse amach i gCairt Chustaiméara na cuideachta.

Tá trí chomhpháirt san iniúchadh neamhspleách:

- Suirbhéanna custaiméara chun braistintí feidhmíochta custaiméirí a thomhas
- Breathnú ar imeachtaí bus chun feidhmíocht iarbhír oibríochtaí bus a thomhas
- Rúnsiopadóireacht agus breathnóireacht chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe áirithe den tseirbhís do chustaiméirí

Spreagaimid aiseolas ó chustaiméirí trí ríomhphoist a fháil ó chustaiméirí ag info@buseireann.ie.

## Úsáid as Iompar Poiblí a Spreagadh

Tugadh faoi réimse fairsing tionscnamh margaíochta rathúla in 2011 d'fhonn cúnamh a thabhairt le seirbhísí a chur chun cinn.Áiríodh anseo:

- Scéim dílseachta ar líne – béClub, dá mhéad a thaistealaíonn tú, is é is mó a shábhálann tú agus ní ar iompar poiblí amháin. Trí chlárú le béClub saor in aisce ar www.buseireann.ie, tig le baill rátaí lascaine a fháil ar óstáin agus lóistín féinfhreastail; laethanta teaghlaigh; gníomhaíochtaí eachtraíochta; fearas spóirt; béilí teaghlaigh agus go leor tairiscintí eile. Tig le baill tairbhe a bhaint chomh maith as taisteal lascaine ar sheirbhísí Bhus Éireann.




*Passport to Summer.*

- Sheol Bus Éireann an Feachtas Luacha trí fhógraíocht agus Caidreamh Poiblí. Ba é an aidhm a bhí leis seo a léiriú do chomaitéirí agus do chustaiméirí féideartha a thaistealaíonn i gcarranna na coigiltis is féidir leo a dhéanamh trí athrú chuig iompar poiblí.
- Bunaíodh comhphromóisin chomh maith le réimse tríú páirtithe, lenar áiríodh Dunnes Stores, Zú Bhaile Átha Cliath, Stóras Guinness, Aerfort Bhaile Átha Cliath, Burger King, Amharclann na Canálach Móire, Viking Splash Tours, miondíoltóirí áitiúla agus ionaid óireachta.
- Spreag ár bhfeachtas Passport to Summer taisteal teaghlaigh in Éirinn i rith an tsamhraidh, agus fuaireamar aiseolas iontach ó chustaiméirí ina thaobh. Tugadh isteach roinn tionscnamh chomh maith le comhlachtaí agus eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta turasóireachta chun turasóirí a spreagadh le taisteal le Bus Éireann.
- D'ardaigh líon na mac léinn a bhíonn ag taisteal de bharr feachtais dírithe ar mhic léinn ag amanna ar leith den bhliain.
- Leanann Bus Éireann ag cur www.whensmybus.ie, an córas faisnéise fíorama náisiúnta do phaisinéirí, chun cinn trí shuíomh gréasáin na cuideachta. Tugann córas fíorama Bhus Éireann an fhaisnéis is déanaí do chustaiméirí faoi bhusanna isteach agus faoi bhusanna amach ag stadanna bus ar fud ár ngréasán trí SMS agus tríd an idirlíon.
- Táillí speisialta ar bhealaí áitiúla agus náisiúnta le taisteal a spreagadh i rith tréimhsí tábhachtacha, fearacht na saoire scoile agus ag druidim leis an Nollaig

- Úsáideadh táillí promóisin ar bhealaí áitiúla ar leith nach raibh mórán tóra orthu freisin

## Nuálaíocht

Leann Bus Éireann ag nuáil in 2011 d'fhonn taithí custaiméirí breisithe a chur ar fáil agus ioncam a chruthú le hinfheistiú inár seirbhísí.

Áirítear le tionscnaimh ar tugadh fúthu in 2011:

- Tabhairt isteach seirbhísí Luasbhealaigh teoranta agus gan stad
- Tá Wi-Fi saor in aisce ar fáil ar os cionn 40 feithicil
- Scáileáin taispeána faisnéise fíorama do chustaiméirí ag ocht stáisiún
- Iarratas ar líne féinseirbhíse don scéim a shábhálann cáin
- Tabhairt isteach na scéime dílseachta ar líne, béClub
- Úsáid meaisíní uathoibrithe ticéad ag stáisiúin
- Foirm iarratais ar líne don Scéim Iompar Scoile
- Scáileáin taispeána faisnéise bhreisithe do chustaiméirí ag scáthláin, stadanna agus stáisiúin
- Uasmhéadú ioncam fógraíochta i bhformáidí nuálacha




*An tAire Iompair Phoiblí agus Comaitéirí Alan Kelly T.D. ag seoladh scéim RTPI i gcathair Chorcaí.*

## Seirbhís níos Fearr do Chustaiméirí tríd an Teicneolaíocht

Le linn 2011, rinne an chuideachta athchóiriú ar a shuíomh gréasáin www.buseireann.ie. Áiríodh anseo córas níos inláimhsithe le béim níos mó ar cheannach ticéid agus pleanáil turais. Tá aiseolas dearfach faighte againn ó chustaiméirí maidir leis na hathruithe. Déanfar tuilleadh feabhsuithe ar an suíomh gréasáin le linn 2012.

I láthair na huaire, tá Bus Éireann ag obair leis an NTA, Comhairle Cathrach Átha Cliath agus Comhairle Cathrach Chorcaí i ndáil le tabhairt isteach scáileáin taispeána faisnéise fíorama do phaisinéirí (RTPI) ag stadanna/scáthláin bus cuí i gcathair Chorcaí agus i mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Cuireadh tús le céim tástála an RTPI i gCorcaigh i mí na Samhna 2011.

Táthar ag súil go mbeidh an córas faoi lán seoil nuair a shuiteálfar na comharthaí RTPI ar fad i gCorcaigh. Táthar ag súil go leathnófar scáileáin taispeána RTPI breise chomh fada le cathracha cúigeacha agus mórcheantar Bhaile Átha Cliath go gairid.

## Feabhsúcháin Seirbhíse

Tá an tseirbhís a chuirimid ar fáil ag iompar daoine chuig na háiteanna a theastaíonn uathu a dhul ar bhealach sábháilte, iontaofa agus éifeachtúil. In ainneoin an bhrú airgeadais in 2011, thugamar isteach go leor feabhsuithe ar ár seirbhísí.

Léiríonn sé seo tiomantas agus gairmiúlacht ár bhfoirne ar fad i mBus Éireann a d'fhreagair na dúshláin in 2011 go dearfach.

Le linn 2011, thug Bus Éireann, i gcomhair leis an Údarás Iompair, isteach roinnt feabhsúchán seirbhíse de réir éileamh custaiméara ar an gcaoi seo a leanas:

- Roinnt bealaí a athrú chun úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní reatha.
- Athbhreithniú ar an amchlár ar chonair Mhótarbhealaigh an M3 chun amanna turais níos tapúla a thabhairt do chustaiméirí.
- Amchlár nua a thabhairt isteach don 109a an Uaimh-Aerfort Bhaile Átha Cliath-DCU agus na seirbhísí ar fad anois ag dul chuig Ceanannas agus uaidh.
- Bealach 226 Aerfort Chorcaí/An Lár/Stáisiún Bus Phlás Parnell chuig Stáisiún an Cheantaigh.



*I Meán Fómhair 2011, cheiliúir an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an laghdú in amanna turais chuig cathracha cosúil le Baile Átha Cliath, Gaillimh, Luimneach, Doire agus Béal Feirste ar sheirbhísí stad teoranta X Bhus Éireann.*

- Cionn tSáile a chur ar bhealach 252 Chorcaí/Neidín/Chill Airne le linn an tsamhraidh amháin.
- Bealach 208 a shíneadh chuig Ospís Mhongach Mhór.

## Forbairtí Luasbhealaigh

Le linn 2011, thug Bus Éireann isteach roinnt feabhsúchán ar sheirbhís Luasbhealach Idirchathrach de réir éileamh custaiméara:

- D'fheabhsaigh Bealach 1 Baile Átha Cliath-Béal Feirste amanna turais agus feidhmíonn na seirbhísí ar fad gan stad idir Aerfort Bhaile Átha Cliath agus an tIúr.
- Bhí seirbhís séasúrach gan stad i bhfeidhm ar an X2 Aerfort Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste idir Aerfort Bhaile Átha Cliath agus cathair Bhéal Feirste.
- Thug Bealach 30 Baile Átha Cliath-Dún na nGall amanna turais níos tapúla agus feidhmíonn na seirbhísí ar fad gan stad idir Achadh an Iúir agus Aerfort Bhaile Átha Cliath
- Tugadh isteach seirbhís gan stad idir cathair Bhaile Átha Cliath, Aerfort Bhaile Átha Cliath agus cathair Dhoire ar Bhealach X33 Baile Átha Cliath-Dún na nGall

## Forbairtí Eurolines

Ceapadh Irish Ferries ina gcomhpháirtí bád farantóireachta ar sheirbhís Eurolines Baile Átha Cliath go Londain trí Holyhead in Aibreán 2011. Tugadh isteach seirbhís lae Eurolines 861 don samhradh amháin ó Bhaile Átha Cliath go Londain i gcomhpháirt le Eurolines UK. Feidhmíonn an tseirbhís 890 Corcaigh go Londain go laethúil anois ó Chorcaigh go Bristol/Londain.

## Infheistíocht sa Chabhlach

Tugadh 88 feithicil nua isteach sa chuideachta ag deireadh 2011. Tá gnéithe ar na feithiclí nua cosúil le Wi-Fi, soicéid chumhachta, agus ceangaltáin Iso-Fix do shuíocháin sábháilteachta leanaí. Rachaidh na feithiclí nua i mbun seirbhíse le linn 2012. De bhrí gur infheistíodh in 88 feithicil nua, beidh compord feabhsaithe agus cumas ardaithe ag custaiméirí agus soláthróidh sé éifeachtúlachtaí inmheánacha.

Áiríodh leis na feithiclí nua:

- 60 feithicil le maoiniú NTA: 25 Cóiste Comaitéara, 25 Bus Cathrach agus 10 mBus Dhá Stór.
- 28 feithicil Luasbhealaigh lena n-áirítear 8 gCóiste Dhá Stór ina bhfuil dul chun cinn suntasach i sábháilteacht, teicneolaíocht, dearadh agus taithí custaiméara.



*Tháinig 18 feithicil nua go Corcaigh lenar áiríodh ceithre bhus cathrach dhá stór agus 11 bhus cathrach aon stóir mar aon le trí chóiste Luasbhealaigh.*

# Iompar Scoile

D'oibrigh Bus Éireann go dlúth leis an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2011 d'fhonn a chinntiú go gcuirtear seirbhísí iompair scoile ar fáil faoin Scéim Iompar Scoile chuig bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus leanaí le riachtanais speisialta, ar bhealach éifeachtach ó thaobh costas agus éifeachtúil thar ceann an Stáit.

Iompraítear timpeall 113,000 leanbh a bhfuil ticéad acu a eisíodh faoin Scéim Iompar Scoile faoi dhó sa lá ar chabhlach tiomanta Bhus Éireann agus faoi chonradh, agus ar sheirbhísí bus agus iarnróid áitiúil agus náisiúnta sceidealaithe faoi cheadúnas príobháideach. Áirítear anseo 8,000 leanbh a bhfuil riachtanais speisialta acu a gcuirtear seirbhísí oiriúnaithe ar fáil dóibh a fheileann dá riachtanais aonair a fheidhmíonn ar bhonn doras le doras.

Tá luach €25m de bhearta coigilte costais in iompar scoile bainte amach ag Bus Éireann ó 2008 in ainneoin gur cuireadh níos mó ná 300 seirbhís nua leis an Scéim Iompar Scoile le linn an ama sin, go príomha do leanaí le riachtanais speisialta.

Chuir éifeachtúlachtaí a baineadh amach in 2011 go mór leis an riachtanas chun coigiltis €17m a bhaint amach sa Bhuiséad Iompair Scoile faoi 2014 faoin bPlean Téarnaimh Náisiúnta 2011 go 2014.

In 2011, d'fhorbair agus thug Bus Éireann isteach próiseas iarratais ar líne do theaghlaigh atá ag lorg iompar scoile bunscoile. Tá an próiseas iarratais tapa agus níos áisiúla do thuismitheoirí. Tig le tuismitheoirí anois foirm iarratais a chomhlánú a théann díreach chuig Bus Éireann chun í phróiseáil.

Is í sábháilteacht ár leanaí scoile atá ag taisteal ar ár seirbhísí iompair scoile ár dtosaíocht is airde agus tugadh aird ar leith ar chur chun cinn sábháilteachta ar bhusanna scoile agus ar chumarsáid príomhtheachtaireachtaí sábháilteachta ag leibhéal áitiúil. Thug Seó Bóthair um Shábháilteacht Busanna Scoile Bhus Éireann cuairt ar scoileanna agus ghlac sé páirt in imeachtaí ilghníomhaireachta timpeall na tíre.

Leanaimid ag oibriú go dlúth le hAonad Grinnfhiosrúcháin Lárnach an Gharda Síochána lena chinntiú go ndéantar seiceanna cúlra ar gach ball pearsanra a bhaineann le soláthar beagnach 4,000 seirbhís iompair scoile faoin Scéim Iompar Scoile, lena n-áirítear Bus Éireann agus tiománaithe faoi Chonradh.

Mar chuid thábhachtach dár bprótacail sábháilteachta, fostaíonn Bus Éireann seirbhísí grúpa saineolaithe neamhspleácha atá tiomanta do sheirbhísí gairmiúla iniúchta d'fheithiclí agus agus do chórais chothabhála a chur ar fáil agus a thugann comhairle agus cúnamh a chuidíonn lena chinntiú go bhfuil ár nósanna imeachta féin do chothabháil cabhlaigh, ní hamháin in iompar scoile, comhsheasmhach leis na cleachtais tionscail is fearr.

Úsáidtear an ghníomhaireacht neamhspleách seo chomh maith chun spotseiceáil a dhéanamh ar chonraitheoirí busanna faoin Scéim agus tá minicíocht na n-iniúchtaí randamacha ardaithe againn.

Feabhsaíonn caighdeán agus raon na seirbhísí iompair scoile atá á soláthar faoin Scéim i rith an ama; tugadh 155 seirbhís nua isteach sa bhliain 2011. Ach fiú amháin sin, laghdaíodh líon iomlán na gconraitheoirí a fostaíodh faoi 48 feithicil ó thús na bliana trí phleanáil gréasáin éifeachtach agus chúramach, a chuireann go mór le héifeachtúlachtaí costais, agus níor ardaigh líon na mbusanna scoile ag Bus Éireann.

San am i láthair, tá 404 feithicil atá oiriúnach do chathaoir rothaí ag soláthar seirbhísí iompair scoile gach lá scoile faoin scéim, ardú 35 feithicil ó 2010.

# Ag Tacú le Turasóireacht

## Cuairteanna Stáit

D'oibrigh Bus Éireann cóistí chuig roinnt de na himeachtaí is mó sa tír agus uathu le linn 2011. Áirítear leo seo cuairt stáit chun na hÉireann na Banríona Eilís II i mBealtaine 2011 nuair a d'fheidhmigh Bus Éireann mar sholáthróir oifigiúil iompair do na meáin le linn na cuairte.

Bhí Bus Éireann ar cheann de na heagraíochta tacaíochta chomh maith a bhí páirteach i gcuairt an Uachtaráin Obama chun na hÉireann agus go háirithe chuig Muine Gall.

Measadh gur éirigh thar barr le cuairteanna na Banríona Eilís II agus an Uachtaráin Obama agus fuair Bus Éireann litreacha molta ó na Gardaí mar gheall ar an ról a bhí acu.

## Féilte

D'fheidhmigh Bus Éireann córas Páirceála agus Taistil le linn Fhéile na Long Ard i bPort Láirge ar éirigh go han-mhaith leis. Meastar gur bhain os cionn 22,000 custaiméir úsáid as an tseirbhís. Bhí seirbhísí breise ó/chuig Trá Mór agus d'fheidhmigh carráiste stáitse breise agus Luasbhealach cúntach chomh maith chun cuairteoirí a thabhairt chuig an bhféile agus abhaile arís.

Thacaigh Bus Éireann freisin le himeachtaí ar nós Fhéile Sea Sessions i mBun Dobhráin, agus cheolchoirmeacha Lios an Daill agus Fhéile na nGaiscíoch sa Leathros, Contae

Shligigh. Chuireamar seirbhísí speisialta ar fáil chomh maith chuig Féile Snagcheoil Chorcaí, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, Fleadh Cheoil na hÉireann, Electric Picnic, Féile Spraoi chathair Phort Láirge, Oxegen agus ceolchoirm Kings of Leon i mBaile Shláine.

## Turais Lae

Cuireann Bus Éireann réimse leathan turas lae ar fáil ar fud na tíre. Tugadh isteach clár turas lae athbhreithnithe i Maigh Eo agus i nDún na nGall. I gCorcaigh tugadh isteach ticéad fánaíochta trí lá i mBealtaine, a cheadaíonn do chustaiméirí taisteal gan teorainn ar sheirbhísí Bhus Éireann ar fud Chorcaí, ó Mheitheamh go Meán Fómhair.

## Imeachtaí Spóirt

Chuir Bus Éireann seirbhísí speisialta ar fáil chuig cluichí ceannais na hÉireann sa Pheil agus san Iománaíocht, agus chuig Cluiche Ceannais Iománaíochta Chúige Laighean.

D'iompar Bus Éireann FC Porto agus SC Braga i gcomhair chluiche ceannais an Europa League i Staidiam an Aviva.

Bhí an Solheim Cup ar siúl i gCaisleán an Chillín, Contae na Mí agus ba iad Bus Éireann an chuideachta iompair oifigiúil d'fhoirne Mheiriceá agus na hEorpa agus iompróir oifigiúil na ndaoine móra le rá, na réiteoirí agus na meán.




*Ba iad Bus Éireann an chuideachta iompair oifigiúil d'fhoirne Mheiriceá agus na hEorpa don Solheim Cup.*

D'fheidhmigh Bus Éireann seirbhísí speisialta chuig Cluiche Ceannais Chorn an FAI i Staidiam an Aviva agus uaidh. Cuireadh seirbhísí speisialta ar fáil chomh maith chuig Rásaí na Gaillimhe agus Rásaí Luimnigh, mar aon le seirbhísí tointeála ó chathair Luimnigh chuig Páirc Thuamhan do chluichí rugbaí Chúige Mumhan.

# Sochair Chomhshaoil

I mBealtaine 2011, thosaigh Bus Éireann ag obair le Grúpa Oibre de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) ar Airgeadas Aisfheistithe san Earnáil Phoiblí, agus ina dhiaidh sin fuair Bus Éireann ballraíocht i Nasc Fuinnimh na hEarnála Poiblí de chuid an Údaráis.

Le linn 2011, scrúdaigh Bus Éireann roinnt tionscadail feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh, agus rinneadh aighneachtaí maidir leo seo chuig an SEAI faoin scéim Fuinneamh níos fearr in Ionaid Oibre 2011 de chuid an Údaráis. Faoin scéim, chríochnaigh Bus Éireann tionscadail de luach €296,000 agus fuarthas cúnamh deontais do 35% díobh.

Díríodh na tionscadail ar iostaí i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh agus béim ar uasghrádú éifeachtúlacht fuinnimh na bhfoirgneamh agus go háirithe ar rátálacha inslithe a fheabhsú.

De réir na moltaí i Suirbhé Deiseanna Coigilte Fuinnimh an SEAI, uasghrádaíodh méid mhór den soilsiú oifige, garáiste agus clóis sna láithreacha seo chuig trealamh níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh.

Cloíonn na feithiclí nua leis na caighdeáin astuithe Euro 5 is déanaí. Thosaigh an 88 feithicil cabhlaigh nua ag teacht chuig iostaí ag deireadh 2011.

Suiteáladh Córais Teileamaitice um Bainistiú Cabhlaigh ar na feithiclí seo agus cuidíonn an trealamh seo le tiománaithe tiomáint thíosach gach cineál feithicle a uasmhéadú.

Tá áis Réchasadh Innill Scoite uathoibríoch ag na 88 feithicil seo. Cinntíonn sé seo go múchtar an t-inneall tar éis tréimhse ina stad, agus dá bhrí sin go sábháiltear breosla agus go laghdaítear astuithe.

In 2011, ba é seo a leanas ídiú Bhus Éireann:

| **Táirgí Fuinnimh** | **2011 MWH** | **2011 %** | **2010 MWH** | **2010 %** |
|---|---|---|---|---|
| Díosal | 289,702 | 96.1% | 297,467 | 96.3% |
| Leictreachas | 6,781 | 2.2% | 6,506 | 2.1% |
| Gás | 3,638 | 1.2% | 3,424 | 1.1% |
| Ola Téimh | 1,420 | 0.5% | 1,417 | 0.5% |

## Seirbhísí a Chothabháil chuig Pobail i gCoinníollacha Deacra

Aithníonn Bus Éireann a ról mar phríomhsholáthróir iompair phoiblí ar fud na tíre agus léiríodh é sin le linn 2011 nuair a chuir an chuideachta ardleibhéal seirbhísí ar fáil ar bhealach sábháilte i gcúinsí deacra.

Bhí ról gníomhach agus luachmhar ag Bus Éireann mar bhall den Ghrúpa Aimsire Contráilte idirghníomhaireachta arna bhunú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le comhordú a dhéanamh ar an bhfreagra ilghníomhaireachta ar ghéarchéim na haimsire agus seirbhís faisnéise phoiblí a chur ar fáil.

Fuair an chuideachta líon mór comhfhreagrais ó chustaiméirí ag glacadh buíochais lenár bhfoireann as seirbhísí a chur ar fáil go sábháilte i rith na tréimhse seo.

Teastaíonn scileanna agus saineolas suntasach chun seirbhísí a chothabháil ar bhealach sábháilte i gcúinsí mar seo agus d'aithin agus mhol an Rialtas tiomantas ár bhfostaithe chuige seo cheana, go háirithe i dteagmhais le linn na haimsire contráilte.

## Rannpháirtíocht Pobail

Lean Bus Éireann lena thiomantas do phobail ar fud na tíre lena thacaíocht do thionscadail náisiúnta agus áitiúla.

Rinne Bus Éireann urraíocht ar chomórtais náisiúnta iomána agus peile Fhéile Peile na nÓg agus Fhéile na nGael faoi 14 de chuig CLG. Ghlac os cionn 8,000 imreoir óg as gach cearn d'Éirinn agus thar lear páirt san imeacht.



*Michael Ring, T.D., an tAire Stáit Turasóireachta agus Spóirt ag seoladh Shraith Náisiúnta na mBan le Bus Éireann i nDeireadh Fómhair 2011.*

I Meán Fómhair, thosaigh Bus Éireann a bheith ina phríomhurraitheoir ar Shraith Náisiúnta FAI na mBan. Thosaigh an tsraith, ina bhfuil 6 chlub, i mí na Samhna. Seo a leanas na clubanna: Castlebar Celtic FC, Cork Women's FC, Peamount United, Ráth Eanaigh Aontaithe, Ruagairí na Seamróige, agus Wexford Youths Women's AFC.

Bhí ról gníomhach ag Bus Éireann chomh maith ag oibriú leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus le comhlachtaí Stáit agus áitiúla eile chun Seachtain Soghluaisteachta na hEorpa a chur chun cinn, ar tionscnamh é chun úsáid níos mó as iompar poiblí a spreagadh ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil. Áirítear le samplaí de rannpháirtíocht pobail ag leibhéal áitiúil ár n-urraíocht ar Dhuaiseanna Pobail agus Deonacha Chontae Phort Láirge do Réigiún Iarthar Phort Láirge.

Thug foireann Bhus Éireann i mBéal an Átha, i Sligeach agus i Srath an Urláir a n-am ar son Oilimpicí Speisialta Éireann, a reáchtáil lá bailiúcháin náisiúnta le linn Aibreán 2011.

## Páirceáil agus Taistil

Oibríonn Bus Éireann seirbhís Páirceála agus Taistil na Fuinnseoige Duibhe – Cé an Lapaigh i gCorcaigh thar ceann Chomhairle Cathrach Chorcaí. Tá an-tóir go fóill ar an tseirbhís agus tugann sí réiteach taistil comhtháite agus áisiúil don chustaiméir.

D'fheidhmigh seirbhísí breise Páirceála agus Taistil breise i gcathracha Chorcaí agus na Gaillimhe le linn thréimhse na Nollag.

Trí sheirbhís Páirceála agus Taistil a chur ar fáil, tugann Bus Éireann rogha do chustaiméirí a gcarranna a úsáid don chéad chuid den turas, nuair nach mbíonn seirbhísí chomh fairsing nó má bhíonn rochtain laghdaithe acu ar sheirbhísí. Ceadaíonn sé seo don chustaiméir tranglam tráchta a sheachaint agus costais pháirceála lár na cathrach a sheachaint ag deireadh a dturais.

## Inrochtaineacht

In 2011, rinne Bus Éireann uasghrádú ar a áiseanna ag Busáras, Luimneach, Inis agus Cill Airne le bánna bus atá inrochtana do chathaoireacha rothaí chun oibriú sábháilte á gcóistí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí a éascú. Cuireadh 88 feithicil nua atá inrochtana go hiomlán leis an gcabhlach chomh maith. Leanfaimid orainn ag tabhairt isteach seirbhísí cóiste inrochtana le háiseanna ardaitheora do chathaoir rothaí ar bhonn bealach ar bhealach, a luaithe agus a bheidh líon iomlán na gcóistí inrochtana ar fáil. Le linn 2011, tháinig an Grúpa Úsáideoirí Míchumais le chéile roinnt uaireanta

chun an dul chun cinn atá á dhéanamh a phlé agus chun athbhreithniú a dhéanamh air.

Tá Bus Éireann ina bhall de Choiste Inrochtana Iompair Phoiblí (PTAC) agus tá grúpa úsáideora gníomhach a phléann le cúrsaí inrochtana againn a bhfuil IWA, DeafHear, NCBI agus an Grúpa Fócais Míchumais ar Fhóram Pobail Bhaile Átha Cliath i measc na mball. Tá na grúpaí seo réamhghníomhach i bhforbairt seirbhísí inrochtana Bhus Éireann.

# Bainistíocht Sábháilteachta agus Riosca

Is í sábháilteacht ár gCustaiméirí agus ár bhfoirne príomhthosaíocht Bhus Éireann. Leanann an bhainistíocht ag atreisiú cultúr sábháilteachta ar fud na heagraíochta. Mar chuid de seo, lean an chuideachta ag infheistiú in oiliúint do bhaill foirne cosúil le Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC), bainistíocht sábháilteachta agus oiliúint theicniúil don fhoireann cothabhála in 2011. De réir beartais, déanann an chuideachta athbhreithnithe agus nuashonruithe rialta ar na córais bhainistíochta sábháilteachta. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar Ráiteas Sábháilteachta Bhus Éireann agus cuirtear faoi bhráid na foirne ar fad é.

# Oibríochtaí garáiste

In 2011, bhí bliain dhúshlánach ag oibríochtaí garáiste chun an cabhlach paisinéara agus scoileanna a choinneáil ar an mbóthar le linn tréimhse fhaidréiseach drochaimsire. Leanadh le forbairtí garáiste agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin agus rinneadh tuilleadh infheistíochta agus uasghrádaithe ar áiseanna cosúil le hoibreacha breoslaithe, uasghrádú córais teasa agus suiteálacha leictreachais.

# Infheistíocht i nDaoine

Lean Bus Éireann lena infheistíocht leanúnach in oiliúint agus i bhforbairt foirne in 2011.

## Oiliúint Tiománaithe

In 2011, críochnaíodh an tríú modúl den oiliúint do Dheimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC), arna fhaomhadh ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA), agus cuireadh tús leis an gceathrú modúl.

Cuireadh oiliúint ar Theagascóirí Oiliúna san Institiúid Ardtiománaithe (IAM) i dteicníochtaí oiliúnaigh an teagascóir agus cuireadh oiliúint ar os cionn 200 tiománaí i dteicníochtaí éiceathiomáint faofa SEAI.

Leanadh le taithíocht agus oiliúint feithicle ar fheidhmiú feithiclí inrochtana do chathaoireacha rothaí le linn na bliana chomh maith. Leanadh ag eisiúint agus ag scaipeadh Feasachán Ráithiúil um Shábháilteacht Tiománaí ar gach tiománaí.

## Foireann Cothabhála

Thosaigh an chéad bhliain de phlean oiliúna trí bliana d'oibrithe ceirde in 2011. Is é aidhm an phlean trí bliana oiliúint a chur ar fáil ar phróisis agus ar nósanna imeachta nua agus forbairt leanúnach ar thuiscint ar dhiagnóisic ghinearálta agus athchóiriú feithiclí.

Chuir gach oibrí ceirde oiliúint tosaigh agus athnuachana a bhaineann le hiniúchadh feithicle FTA i gcrích.

Leanadh le hoiliúint a theastaíonn go reachtúil d'oibrithe ceirde in 2011, cosúil le hoibriú ag airdí, Oiliúint Chothabhála Aerchóirithe, Oiliúint Gabhaltrucail Ardaithe.

Rinne roinnt maoirseoirí cothabhála agus Innealtóirí Réigiúnacha Cúrsa Bainistíochta Sábháilteachta de chuid na hInstitiúide Sábháilteachta agus Sláinte Gairme (IOSH).

## Oiliúint Printíseach

Lean oiliúint printíseach ar aghaidh, le hearcú 17 phrintíseach nua in 2011. Tugann na printísigh faoi chlár oiliúna ceithre bliana, arna chur ar fáil ag Bus Éireann i gcomhar le FÁS.

## Foireann Chléireachais

Cuireadh roinnt cúrsaí oiliúna ar fáil don fhoireann le linn 2011 lena n-áirítear oiliúint ar chórais TF nua agus reatha. Cuireadh réimse leathan cúrsaí eile ar fáil don fhoireann ag díriú ar bhealaí éifeachtúla oibre a fhorbairt, mar aon le breisiú bainistiú daoine agus scileanna cúraim chustaiméara.

## An Duaischéim

Tríd an Duaischéim, scéim atá oscailte do gach ball foirne, cuireadh réimse cúrsaí ar fáil don fhoireann le cuidiú leo a scileanna a fhorbairt san ionad oibre.

## Foireann Bhainistíochta

Lean Bus Éireann ag tabhairt urraíochta do roinnt baill foirne ar chlár i Staidéir Bainistíochta don Earnáil Iompair, a bhfuil creidiúnú HETAC aige. Chríochnaigh 40 duine an clár agus thosaigh 11 mhac léinn an cúrsa i Meán Fómhair 2011.

Lean Bus Éireann chomh maith ag infheistiú ina thaithí bhainistíochta le linn na bliana agus baill foirne ag tabhairt faoi chúrsaí éagsúla le fócas ar leith ar scileanna bainistithe éifeachtacha agus éifeachtúla a fhorbairt.

Chríochnaigh roinnt foirne bainistíochta Cúrsa Bainistíochta Sábháilteachta IOSH.




*I gcomhair leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA), thug Bus Éireann isteach roinnt feabhsúchán ar a sheirbhísí PSO in 2011.*

# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile

## Bord Stiúrthóirí

**Stiúrthóirí ag 19 Deireadh Fómhair 2012**

Paul Mallee, Cathaoirleach

Susan Donohoe

John Griffin (D'imigh ar scor an 17 Bealtaine 2012)

Tom Hussey

John Moloney

Bill McCamley

Micheál Ó Faoláin

Henry Minogue

Kieran Fay

Gerard Ryan (Arna cheapadh an 30 Iúil 2012)

## Príomhfheidhmeannach

Martin Nolan

## Rúnaí agus Oifig Chláraithe

Andrea Keane
an Chloch Leathan,
Baile Átha Cliath 7.
Guthán: 00 353 1 703 3447
Facs: 00 353 1 703 3486
Suíomh Gréasáin: www.buseireann.ie
Uimhir Chláraithe: 119570

## Iniúchóirí

PricewaterhouseCoopers
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,
Aon Duga Spencer,
Baile Átha Cliath 1.

# Beathaisnéisí na Stiúrthóirí



## Paul Mallee

Ceapadh Paul Mallee ina Chathaoirleach ar Bhus Éireann agus mar Comhalta Boird de Chóras Iompair Éireann an 29 Meitheamh 2011. Is sainchomhairleoir bainistíochta san earnáil iompair atá ann, a oibríonn go hidirnáisiúnta. Roimhe sin, b'fheidhmeannach straitéise corparáidí sinsearach a bhí ann le Etihad Airways. D'oibrigh Paul ar feadh roinnt blianta chomh maith i gcleachtas iompair na cuideachta domhanda Booz & Company a phléann le sainchomhairliúcháin straitéise. Is Ánra é den Chartered Institute of Logistics and Transport (CILT) Ireland, agus tá seal mar Uachtarán ar an eagraíocht díreach curtha i gcrích aige. Is céimí de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit é. Tá Céim Mháistreachta aige i mBainistíocht agus Pleanáil Straitéiseach, Céim Baitsiléara Tráchtála agus Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil i mBainistíocht Oibríochtaí Iompair ar Bhóithre.



## Susan Donohoe

Ceapadh Susan Donohue ar an mBord ar dtús i mí an Mhárta 2010. Is comhalta í Susan de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte agus tá taithí aici i réimse leathan ról airgeadais ó 1978 i leith. D'oibrigh Susan i gcleachtas ar feadh 16 bliana agus b'iniúchóir cláraithe í ó 1997 go 2003. Bhí ról aici mar bhainisteoir airgeadais i réimse éagsúil tionscal chomh maith. Ina ról reatha mar Bhainisteoir Seirbhísí Corparáideacha do EQuita Consulting Ltd, tá Susan ina ceannaire ar fhoireann daoine gairmiúla speisialtóra in Idirbheartaíocht Tráchtála, Eadráin, Réiteach Díospóide, Iniúchtaí Bulaíochta agus Ciaptha agus Cóitseáil Feidhmeannach in Éirinn, san Eoraip, i Meiriceá agus sa Mheánoirthear. Céimí de chuid UCD, bhíodh Susan ina ball de Chomhairle CERT agus ball de bhord eatramhach Fháilte Éireann.



## John Griffin

Ceapadh John Griffin ar an mBord ar dtús i mí na Bealtaine 2009. D'oibrigh John ar feadh tríocha bliain mar Fhostaí sa tSeirbhís Phoiblí le O.P.W. agus an Post. Bhí sé i seilbh oifige tofa ar feadh timpeall tríocha bliain le Comhairle Contae Luimnigh agus ar a Coistí ar fad. Bhí sé ina Bhall de Chomhlacht Rialála Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, agus ina Bhall de Choiste Iniúchta Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí. Ball d'Institiúid Oideachais Luimnigh, agus ina Bhall de Choiste Iniúchta L.I.T. Cathaoirleach Iontaobhaithe Chuan Fhainge, Cathaoirleach Choiste Gairmoideachais Chontae Luimnigh, Cathaoirleach Choiste Airgeadais I.V.E.A. ar feadh deich mbliana. D'éirigh sé as a phost mar stiúrthóir an 17 Bealtaine 2012.



## Tom Hussey

Ceapadh Tom ar an mBord i mí na Nollag 2010. Is iar-Ionadaí Poiblí é Tom agus bhí sé ina T.D. do Thoghcheantar na Gaillimhe Thoir idir 1969 agus 1981. Bhí sé ina Aire Stáit do Thalmhaíocht, Sláinte agus Leas Sóisialach ó 1977 go 1981 agus toghadh é dá éis mar Sheanadóir agus bhí sé ar an bPainéal Talmhaíochta ar feadh 12 bhliain go dtí 1992.

Bhí Tom ina Chathaoirleach ar Chomhairle Contae na Gaillimhe ar feadh ceithre bliana as a chéile i lár na 1970idí agus bhí se mar chathaoirleach ar Bhord Sláinte an Iarthair chomh maith.

Céimí de chuid OÉ Gaillimh é, agus d'fhóin Tom mar bhall ar Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe mar Stiúrthóir Aontas agus ar an mBord Oideachas Aosach Náisiúnta. Bhí sé ina stiúrthóir ar Chuideachta Caladh Bhaile Átha Cliath ó 2002 go 2010.



## Gerard Ryan

Tá níos mó ná 15 bliana de thaithí ardbhainistíochta ag Gerard Ryan in earnáil na seirbhísí airgeadais agus san earnáil TF in eagraíochtaí éagsúla. Stiúrthóir Oibríochtaí atá ann san am i láthair in Acorn Life Ltd. Cuideachta árachas saoil Éireannach é Acorn Life atá bunaithe i nGaillimh faoi úinéireacht phríobháideach. Phléigh sé le bainistíocht ghinearálta go mion minic roimhe seo agus tá an-taithí aige freisin i mbainistíocht airgeadais agus chostais, i measúnú agus i mbainistíocht tionscadal, in athrú gnó, i nuálaíocht bunaithe ar an teicneolaíocht agus i bhfreastal ar riachtanais na gcustaiméirí. Bhain Gerard Ryan Máistreacht i Riarachán Gnó amach i Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Ghnóthaigh sé B.Sc. in Eolaíocht Ríomhaireachta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, freisin. Ceapadh ina stiúrthóir é an 30 Iúil 2012.



## John Moloney

Ceapadh John Moloney don Bhord i mí na Nollag 2005 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh John ag oibriú le Bus Éireann sa bhliain 1978 agus oibríonn sé i gCorcaigh mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall de NBRU.



## Bill McCamley

Ceapadh Bill McCamley don Bhord a chéaduair i mí na Nollag 1997 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh Bill ag oibriú le Bus Átha Cliath sa bhliain 1974 agus oibríonn sé i nGaráiste Bhaile Phib mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall de SIPTU agus rinne sé ionadaíocht d'oibrithe bus ag leibhéal áitiúil agus brainse leis na blianta.



## Micheál Ó Faoláin

Ceapadh Micheál Ó Faoláin ar an mBord ar dtús i mí Feabhra 2011. Iarstiúrthóir ar Bhord Gáis Éireann é, agus chaith Micheál tamall ar Fhochoistí Iniúchta agus P.R. mar aon le bheith ina stiúrthóir ar chuideachta comhfhiontair C.H.P. C M Power.

Mar iar-phríomhoide meánscoile, tá taithí phraiticiúil ag Micheál ar an gcóras iompair scoile. Tagann taithí ghnó eile óna stiúrthóireachtaí ar Telcotec, soláthróir córas cúloifige guthán póca; Three Rock Media, cuideachta oiliúna ar líne i réimse na grianghrafadóireachta/ceamara láimhe; agus Athgal, gnólacht sainchomhairliúcháin gnó/ oideachais. Is Céimí Dán agus Dlí ó OÉ Gaillimh é Micheál, agus tá Dioplóma i gCaidreamh Tionsclaíoch aige chomh maith ón N.C.I.R.



## Henry Minogue

Ceapadh Henry ar an mBord i mí Dheireadh Fómhair 2011. Tá sé ina Stiúrthóir TF ag UPC in Éirinn ón mbliain 2006 i leith. Bhí sé ina Chlárbhainisteoir Straitéise agus Pleanála roimhe sin. Tá sé ag plé leis an earnáil TF agus Teileachumarsáide in Éirinn le 18 mbliana anuas. Tá an-taithí ghnó faighte aige lena linn seo i bPleanáil Straitéiseach TF, i mBainistíocht Oibríochtaí TF, i Seachadadh agus Rialachas agus sheachaid sé cláir bunaithe ar Chlaochlú Gnó trí Nuálaíocht.

Is iomaí post ardbhainistíochta agus comhairliúcháin a bhí aige sa tionscal teileachumarsáide in Éirinn. Tá poist chomhairliúcháin clúdaithe ina chuid cúraimí freisin san earnáil mhiondíola agus san earnáil airgeadais. Tá Henry ina bhall de Chumann Ríomhaireachta na hÉireann agus d'Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn. Ceapadh Henry ina Chathaoirleach ar Ghrúpa um Athbhreithniú Iniúchta Bhus Éireann le linn 2012.



## Kieran Fay

Ceapadh Kieran Fay ar an mBord i mí na Samhna 2011. Céimí Choláiste na Tríonóide é Kieran. Tá Céim Onórach Eolaíochta agus Dioplóma san Innealtóireacht Chomhshaoil aige agus tá Máistreacht Eolaíochta aige ó Ollscoil Naipier i nDún Éideann. Eolaí Cairte (MCIWEM 2008) agus Bainisteoir Cairte Uisce agus Comhshaoil (C.WEM 2009) é. Tá níos mó de 14 bliana de thaithí aige i gcúrsaí gnó san earnáil Innealtóireacht Chomhshaoil agus san earnáil Sláinte agus Sábháilteachta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear an Oifig um Measúnú Comhshaoil ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) in Éirinn.

Tá sé ar fostú faoi láthair i gComhairleacht Innealtóireachta na hEarnála Príobháidí; pléann sé le tionscadail lena chinntiú go gcomhlíonann siad reachtaíocht an AE agus go gcuirtear Córais Bainistíochta Comhshaoil (EMS) i bhfeidhm.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair de réir a n-oibleagáidí faoi Acht na gCuideachtaí, 1963 go 2012 agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986. Tá ráitis airgeadais na cuideachta agus na nótaí lena mbaineann, atá mar chuid de na ráitis airgeadais agus san áireamh sa tuarascáil seo, réitithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn.

## Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is cuideachta bainistíochta iompair atá i mBus Éireann, arb iad a bpríomhghníomhaíochtaí bainistíocht agus pleanáil gréasán comhtháite seirbhísí, ag úsáid a n-acmhainní féin agus acmhainní fochonraitheora. Clúdaíonn an gréasán comhtháite seo seirbhísí cóiste fadréimseacha, seirbhísí bus áitiúla, tuaithe, comaitéara, cúige, cathrach agus baile. Tá an chuideachta freagrach chomh maith as bainistíocht agus as soláthar na Scéime Iompar Scoile ar fud na tíre ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Bhí barrachas foriomlán ag an gcuideachta tar éis íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí de €0.45m. Tháinig laghdú 0.76m turas ar thurais paisinéirí bóthair agus tháinig laghdú 0.51m turas ar thurais scoile in 2011.

Laghdaigh ioncam €2.18m chuig €283.7m. Coinníodh croí-ioncam paisinéirí bóthair mar a bhí sé in 2010 i mbliain dheacair le haghaidh na trádála. Tháinig laghdú ar ioncam scoile ar aon dul le coigilteas a gnóthaíodh don Roinn Oideachais agus Scileanna.

Tháinig laghdú ar phárolla agus costais bhainteacha arís in 2011 chuig €130.72m don bhliain.

Tháinig ardú €3.28m ar chostais ábhair agus seirbhísí le linn 2011, a léiríonn an t-ardú i gcostais bhreosla.

Leanann an chuideachta lena fhócas láidir ar ghréasán seirbhísí sábháilte agus éifeachtach a sheachadadh do na custaiméirí ar fad. Agus monatóireacht á déanamh ar fheidhmíocht na cuideachta, déanann an bhainistíocht agus stiúrthóirí na cuideachta araon athbhreithniú rialta ar tháscairí tábhachtacha feidhmíochta i leith cúrsaí airgeadais agus oibriúcháin.

Tá athbhreithniú mionsonraithe ar ghníomhaíocht na cuideachta don bhliain ar fáil san Athbhreithniú ar Oibríochtaí ar leathanaigh 2 go 12.

## Torthaí agus Cúlchistí

Leagtar amach go mion na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 ar leathanaigh 23 go 39. Léiríonn na torthaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 barrachas €0.45m (2010 – Easnamh €2.24m).

## Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca

Tá Grúpa um Athbhreithniú Iniúchta ag Bord Bhus Éireann chun athbhreithniú a dhéanamh ar na cuntais bhliantúla, rialuithe inmheánacha agus cúrsaí comhlíonta, éifeachtacht iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh agus bainistíocht riosca. Coinníonn an chuideachta clár riosca agus nuashonraítear é le hathbhreithniú ag na stiúrthóirí agus an bhainistíocht sinsir ar bhonn leanúnach. Tá Coiste Sábháilteachta Boird agus Coiste Cothabhála Boird i bhfeidhm chomh maith chun athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí sábháilteachta, ar chúrsaí cothabhála agus ar nósanna imeachta agus tuairiscíonn siad chuig Bord Bhus Éireann.

## Infheistíocht Chaipitil

Le linn 2011, infheistíodh €30.3m i gcabhlach nua. Thug an NTA maoiniú iomlán faoi choinne 25 bus nua cathrach aon stóir, 10 mbus nua dhá stór agus 25 cóiste nua comaitéara lena n-oibriú ar bhealaí Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí. Ceannaíodh 20 cóiste nua Luasbhealaigh agus 8 gcóiste nua dhá stór, lena n-oibriú ar sheirbhísí tráchtála, le hacmhainní na cuideachta féin.

## Tinreamh ag Cruinnithe Boird/Coiste

Tá sonraí tinreamh na stiúrthóirí ag cruinnithe Boird/Coiste i rith 2011 thíos.

| Bord/Coiste Bhus Éireann Loga Tinrimh 2011 | | | |
|---|---|---|---|
| **Stiúrthóir** | **Bord BÉ** | **Coiste** | **Cotha-bháil** |
| An tUasal Paul Mallee | 4/4 | | |
| An Dr John J. Lynch | 5/5 | | |
| An tUasal Henry Minogue | 2/2 | | |
| An tUasal John Griffin | 9/9 | | 4/4 |
| An tUasal Tom Hussey | 8/9 | 3/3 | |
| An tUasal Kieran Fay | 1/1 | | |
| An tUasal John Moloney | 7/9 | 4/4 | 4/4 |
| An tUasal Tras Honan | 1/1 | 1/1 | |
| An tUasal Bill McCamley | 7/9 | | |
| An tUasal Susan Donohoe | 8/9 | | |
| An tUasal Micheál Ó Faoláin | 7/8 | | |

## Rannpháirtíocht Fostaí

Mar chuid den Scéim Comhpháirtíochta Fiontair, tháinig an tArdghrúpa agus an Grúpa Stiúrtha le chéile in 2011. Reáchtáladh cruinnithe ráithiúla na gcomhairlí áitiúla i gcaitheamh na bliana.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an chuideachta tiomanta do leas a bhfostaithe a chinntiú trí áit shábháilte oibre a chothabháil agus trí chloí leis an reachtaíocht fostaíochta ábhartha lena n-áirítear an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Tháinig Coiste Sábháilteachta Bhord Bhus Éireann, a bunaíodh ag leibhéal Fobhoird in 2004, le chéile le linn na bliana. Déanann an coiste seo monatóireacht ar shábháilteacht na cuideachta in aghaidh plean sábháilteachta bliantúil agus spreagann siad an rannpháirtíocht is leithne i bhfeasacht sábháilteachta agus cosc tionóisc sa chuideachta.

## Rialachán AE (Íocaíocht Dhéanach) 2002

Tuigeann na stiúrthóirí a bhfreagracht maidir le comhlíonadh a chinntiú, i ngach ngné ábhartha, le forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach) 2002. Cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun na dátaí a shainaithint ar a mbíonn sonraisc dlite agus lena chinntiú go n-íoctar iad faoi dhátaí áirithe. Tugann na nósanna imeachta seo dearbhú réasúnta in aghaidh neamh-chomhlíonadh ábhartha le rialacháin.

## Comhionannas and Éagsúlacht

Faoi mar is gá faoin Acht um Míchumas 2005, leanann Bus Éireann ag déanamh monatóireachta ar líon a bhfostaithe atá faoi mhíchumas. Ó thosaigh Bus Éireann an próiseas monatóireachta seo, tá ardú beag ach seasta tagtha ar an líon fostaithe faoi mhíchumas.

Lean Bus Éireann lena rannpháirtíocht mar pháirtí gnó leis an Institiúid Náisiúnta um Míchumas Intleachta (NIID) ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is institiúid chuimsitheach atá san NIID a dhíríonn ar fhoghlaim feadh an tsaoil do dhaoine faoi mhíchumas intleachta. Ag an NIID, tig le mic léinn faoi mhíchumas intleachta bheith páirteach i gclár faofa lánaimseartha dhá bhliain. Sa dara bliain den chlár, caithfidh na mic léinn ar a laghad 70 uair an chloig taithí oibre a dhéanamh agus d'éascaigh Bus Éireann beirt mhac léinn leis an taithí oibre seo.

Lean Bus Éireann de bheith rannpháirteach leis an Údarás Comhionannais agus le cuideachtaí eile iompair i gclár chun seirbhísí iompair a chur ar fáil do gach aois.

## Leabhair Chuntais

Is iad na bearta a thóg na stiúrthóirí d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaí oibleagáidí na cuideachta chun leabhair chuí chuntais a choimeád, córais agus nósanna imeachta feiliúnacha a úsáid agus daoine inniúla a fhostú.

Coimeádtar na leabhair chuntais ag Bus Éireann, an Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7.

## Stiúrthóirí

Ceapann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt stiúrthóirí na cuideachta. Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina stiúrthóirí i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2011 nó a ceapadh ó shin leagtha amach thíos. Ba stiúrthóirí iad ar feadh na bliana iomláine seachas aon áit ina bhfuil a mhalairt léirithe.

An tUasal Paul Mallee, Cathaoirleach (Arna cheapadh an 29 Meitheamh 2011)

An tUasal Tras Honan (D'imigh ar scor an 9 Feabhra 2011)

An Dr John J Lynch (D'imigh ar scor an 27 Márta 2011 ach sínte chuig an 28 Meitheamh 2011)

An tUasal Henry Minogue (Arna cheapadh an 10 Deireadh Fómhair 2011)

An tUasal John Moloney

An tUasal Bill McCamley

An tUasal Tom Hussey

An tUasal John Griffin (D'imigh ar scor an 17 Bealtaine 2012)

An tUasal Susan Donohoe

An tUasal Micheál Ó Faoláin (Arna cheapadh an 21 Feabhra 2011)

An tUasal Kieran Fay (Arna cheapadh an 7 Samhain 2011)

An tUasal Gerard Ryan (Arna cheapadh an 30 Iúil 2012)

Ní raibh aon suim in aon scaireanna ná bintiúir de chuid na cuideachta, a cuideachta sealbhaíochta ná a fochuideachtaí ag aon duine de na stiúrthóirí ná ag an rúnaí ag aon am le linn na bliana.

## Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit

Leagtar amach sonraí de na beartais agus nósanna imeachta a chuir an chuideachta i bhfeidhm tar éis fhoilsiú an Chóid Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit i gCuntais Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Eachtraí Iar-Chlár Comhardaithe

Ní ann d'aon eachtraí suntasacha iar-chlár comhardaithe óna dteastaíonn mionathrú ar na ráitis airgeadais nó nóta a chur isteach ina dtaobh.

## Gnóthas Leantach

Tá an Bord Stiúrthóirí sásta go mbeidh dóthain acmhainní ag an gcuideachta chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad, in ainneoin go bhfuil roinnt neamhchinnteachtaí ann. Dá bhrí sin, leanann siad orthu ag glacadh le bunús 'an ghnóthais leantaigh' i leith ullmhú na gcuntas. Nóta 1: Déanann "Gnóthas Leantach" aghaidh a thabhairt ar na neamhchinnteachtaí sin agus conclúidí na stiúrthóirí i ndáil leis an ngnóthas leantach a achoimriú.

## Iniúchóirí

Tá sé léirithe ag na hiniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe, gur mian leo leanúint in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an Bhoird

P. Mallee, Cathaoirleach
H. Minogue, Stiúrthóir

19 Deireadh Fómhair 2012

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Éilíonn dlí cuideachta na hÉireann ar stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar an mbarrachas nó ar an easnamh don bhliain sin.

Ceanglaítear na nithe seo a leanas ar na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á gcur i dtoll a chéile:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé neamhchuí le toimhdiú go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil, a nochtann go réasúnta cruinn ag aon tráth staid airgeadais na cuideachta agus a ligeann dóibh a chinntiú gur réitíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus go gcloíonn siad le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012.

Tá freagracht orthu chomh maith as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as céimeanna réasúnta a thabhairt le calaois agus le mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

# Tuarascáil na nIniúchóirí neamh-spleácha do bhaill Bhus Éireann

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Bhus Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011. San áireamh sna Ráitis Airgeadais seo tá Cuntas Brabúis agus Caillteanais, an Clár Comhardaithe, Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, na Beartais Chuntasaíochta agus na nótaí gaolmhara. Cuireadh na ráitis airgeadais seo i dtoll a chéile de réir na mbeartas cuntasaíochta a leagtar amach sa ráiteas ar bheartais chuntasaíochta atá iontu.

## Freagrachtaí faoi seach na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí

Tá freagrachtaí na stiúrthóirí i leith tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn) leagtha amach ar leathanach 20 sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí.

Is é an fhreagracht atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir ceanglais ábhartha dlí agus rialála agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, an tuairim san áireamh, do bhaill na cuideachta mar chomhlacht amháin de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus ní ar aon chúis eile. Ní ghlacaimid, agus sinn ag léiriú na tuairime seo, freagracht as aon chuspóir eile ná d'aon duine eile a dtaispeántar nó a dtugtar an tuarascáil seo dóibh seachas mura dtugaimid ár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

Tugaimid tuairisc daoibh i dtaobh ár dtuairime faoi cibé acu an dtugtar nó nach dtugtar léiriú fíor cothrom sna ráitis airgeadais agus faoi cibé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh i gceart iad de réir reacht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012. Sonraímid cibé acu an bhfuaireamar nó nach bhfuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaíonn uainn inár n-iniúchadh agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais. Tuairiscímid ár dtuairim daoibh chomh maith i leith:

- cibé ar choinnigh nó nár choinnigh an chuideachta leabhair chuntais chuí;
- cibé an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis i dTuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais; agus
- an raibh cás airgeadais ann ag dáta an chláir chomhardaithe ina mbeadh gá don chuideachta cruinniú ginearálta urghnách a ghairm; d'fhéadfadh cás airgeadais mar sin bheith ann murar ionann glansócmhainní na cuideachta, faoi mar a shonraítear i gClár Comhardaithe na Cuideachta, agus níos mó ná leath de mhéid a scairchaipitil ghlaoite.

Tugaimid tuairisc daoibh freisin mura dtugtar, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis a shonraítear sa dlí i ndáil le luach saothair na stiúrthóirí agus le hidirbhearta na stiúrthóirí, agus más féidir, déanaimid an fhaisnéis sin a chur inár dtuarascáil.

Léimid an t-ábhar eile sa Tuarascáil Bhliantúil le deimhniú cibé acu ar tháinig nó nár tháinig sé leis na Ráitis Airgeadais a ndearnadh iniúchadh orthu. Ní chuimsíonn an fhaisnéis eile seo ach Tuarascáil na Stiúrthóirí agus an tAthbhreithniú ar Oibríochtaí. Déanaimid breithniú ar na himpleachtaí a bheadh i ndán dár dtuarascáil má chuirtear ar an eolas sinn go bhfuil aon mhíráiteas follasach nó aon ábhar neamhréireach sna ráitis airgeadais. Ní phléimid le faisnéis ar bith eile inár gcuid freagrachtaí.

## Bunús na Tuairime Iniúchta

Thugamar faoinár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an R.A. agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta. Is éard a áirítear le hiniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise lena mbaineann méid agus nochtadh sna ráitis airgeadais. Ina theannta sin, áirítear measúnú leis an iniúchadh ar na meastacháin agus ar na breithiúnais thábhachtacha a thug na stiúrthóirí i rith ullmhú na ráiteas airgeadais, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chás na cuideachta, curtha i bhfeidhm go leanúnach agus nochta go cuí.

Phleanálamar agus thugamar faoinár n-iniúchadh d'fhonn an fhaisnéis agus na mínithe uile a fháil a shíleamar a bhí riachtanach chun dóthain fianaise a chruthú le cinntiú nach bhfuil míráiteas ábhartha, bíodh calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile ina mbonn leis, sna ráitis airgeadais. Agus ár dtuairim á cruthú againn, rinneamar measúnú freisin ar oiriúnacht iomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

## Tuairim

Is é ár dtuairim é go bhfuil na nithe seo a leanas fíor faoi na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar staid ghnóthaí na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2011; agus

- ar a bharrachas agus ar a shreafaí airgid don bhliain atá thart agus gur ullmhaíodh iad i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uainn inár n-iniúchadh. Is é ár dtuairim é gur choimeád an chuideachta leabhair chuí chuntais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Táimid den tuairim go bhfuil an fhaisnéis i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 17 go 19 i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

Is ionann glansócmhainní na cuideachta, faoi mar a shonraítear sa chlár comhardaithe ar leathanach 25, agus níos mó ná leath de mhéid a scairchaipitil ghlaoite, agus ar an mbonn sin táimid den tuairim nach raibh aon chás airgeadais ann an 31 Nollaig 2011 a cheanglódh tionól chruinniú ginearálta urghnách na cuideachta, de réir Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983.

## Béim ar Ábhar

Le linn dúinn teacht ar ár dtuairim faoi na ráitis airgeadais, nach bhfuil cáilithe, rinneamar breithniú ar leorgacht an nochta a rinneadh i Nóta 1 leis na Ráitis Airgeadais maidir le cumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Thabhaigh an Chuideachta barrachas €0.4 milliún le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2011 agus, tráth an dáta sin, bhí glansócmhainní darbh fhiú €23 milliún iad agus glansócmhainní reatha darbh fhiú €11.3 milliún iad ag an gCuideachta an 31 Nollaig 2011; baineann €64.8 milliún den mhéid seo le suimeanna dlite ón gCuideachta Shealbhaíochta, CIE.

Cuirtear in iúl i Nóta 1 de chuntais Ghrúpa CIE go bhfuil CIE i mbun idirbheartaíochta lena chuid baincéirí i ndáil le hathnuachan a áiseanna reatha bainc atá le hathnuachan idir Eanáir 2013 agus Deireadh Fómhair 2013. Tá CIE i mbun caibidlíochta freisin leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le Baincéirí an Ghrúpa freisin maidir leis an gcistiú breise a bheidh ag teastáil. Níor cuireadh na pléití seo i gcrích faoin am a formheasadh na ráitis airgeadais seo.

Cuireann na coinníollacha seo, mar aon leis na nithe eile a mhínítear i Nóta 1 leis na Ráitis Airgeadais, in iúl go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a d'fhéadfadh amhras a chruthú maidir le cumas na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Níl coigeartuithe san áireamh sna ráitis airgeadais a bheadh le sonrú mura mbeadh an Chuideachta in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

**Teresa Harrington**
Le haghaidh PricewaterhouseCoopers agus thar a gceann
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúil
Baile Átha Cliath
An 1 Samhain 2012

# Príomhbheartais Chuntasaíochta

Mar seo a leanas iad na beartais thábhachtacha chuntasaíochta agus na teicnící meastacháin arna nglacadh ag an gcuideachta:

## (A) Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éireann agus reacht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012. Is ionann caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éirinn a úsáidtear in ullmhú ráiteas airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom agus iad sin arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta.

## (B) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Sonraítear sócmhainní inláimhsithe de réir a gcostais stairiúil lúide dímheas carntha bunaithe ar a gcostas stairiúil.

Is iad seo a leanas bunúis ríomha an dímheasa:

### (i) Feithiclí Paisinéirí Bóthair

Déantar dímheas ar chostais stairiúla na bhfeithiclí paisinéirí bóthair seachas busanna scoile thar a gcuid saolréanna fónta measta ar bhonn céatadán laghdaithe a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil. Déantar dímheas ar chostais stairiúla na mbusanna scoile i dtráthchodanna bliantúla cothroma thar a gcuid saolréanna fónta measta.

### (ii) Gléasra agus innealra

Déantar dímheas ar ghléasra agus innealra, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fónta measta.

## (C) Sócmhainní ar Léas

### Léasanna oibriúcháin

Déantar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear iad.

## (D) Stoic

Déantar luacháil ar stoic ábhar agus ar pháirteanna spártha ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé acu is lú.

Díscríobhtar stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i leith stoc a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

## (E) Deontais agus Íocaíochtaí Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí

### (i) Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí (PSO)

Déileáiltear le híocaíochtaí PSO a fhaightear i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais.

### (ii) Deontais an Aontais Eorpaigh agus an Státchiste

Déantar deontais an Aontais Eorpaigh (AE) agus deontais an Státchiste a bhaineann le caiteachas caipitil a chur chun sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

## (F) Airgeadra eachtrach

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra eachtrach go euro ag an ráta a bhíonn i mbun rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníoctha nó infhála clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Glactar le caillteanais nó gnóthachain mhalartaithe réadaithe ar idirbhearta a socraíodh i gcaitheamh na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ar an dáta a luaitear sa chlár comhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

## (G) Pinsin

Déantar an costas a bhfuil coinne leis i dtaobh pinsin a chur ar fáil d'fhostaithe a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais mar a thabhaítear é thar thréimhse fostaíochta na bhfostaithe inphinsin. Ríomhtar an costas, le tairbhe comhairle ó achtúirí neamhspleácha, ag céatadán a mheastar bheith cobhsaí den phá inphinsin. Scartar athraithigh ó chostais phinsin rialta, a shainaithnítear i luachálacha achtúireacha tréimhseacha, thar na meánsaoil seirbhíse a mheastar atá fágtha ag baill na scéime.

Soláthraítear do chostas caipitil pinsean forlíontach agus déantar é a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais sa bhliain ina n-aithnítear téarbhadh an fhostaí lena mbaineann agus áirítear sa chostas téarfa é.

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

| Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2009 | *Nótaí* | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | **283,685** | **285,870** |
| **Costais** | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | *2* | (130,722) | (136,945) |
| Ábhair agus Seirbhísí | *3(a)* | (190,831) | (187,548) |
| Dímheas lúide amúchadh deontas | *4* | (7,863) | (7,939) |
| **Costais oibriúcháin iomlána** | | **(329,416)** | **(332,432)** |
| **Easnamh roimh chaillteanas ar dhiúscairt, ús, íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí agus roimh mhíreanna eisceachtúla** | | **(45,731)** | **(46,562)** |
| Caillteanas ar dhiúscairt | | (91) | (976) |
| **Easnamh roimh Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí, Ús agus roimh mhíreanna eisceachtúla** | | **(45,822)** | **(47,538)** |
| Ús infhála | | 574 | 256 |
| **Easnamh roimh Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí agus roimh mhíreanna eisceachtúla** | | **(45,248)** | **(47,282)** |
| Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | *20* | 43,403 | 45,039 |
| **Easnamh don bhliain tar éis íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí agus roimh mhíreanna eisceachtúla** | | **(1,845)** | **(2,243)** |
| Mír eisceachtúil | *3(b)* | 2,300 | – |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain tar éis íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí agus tar éis míreanna eisceachtúla** | | **455** | **(2,243)** |
| **Easnamh carntha ag tús na bliana** | | **(6,659)** | **(4,416)** |
| **Easnamh carntha ag deireadh na bliana** | | **(6,204)** | **(6,659)** |

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leantacha an Ghrúpa.
Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta eile seachas iad siúd a áiríodh sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Thar ceann an Bhoird
**P. Mallee** Cathaoirleach
**H. Minogue** Stiúrthóir

# Clár Comhardaithe

| **Amhail an 31 Nollaig** | *Nótaí* | **2011 €000** | **2010 €000** |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | 5 | 121,791 | 109,363 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoic | 6 | 4,728 | 4,517 |
| Féichiúnaithe | 7 | 78,079 | 91,918 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 1,016 | 88 |
| | | **83,823** | **96,523** |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | 8 | (72,497) | (78,211) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **11,326** | **18,312** |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **133,117** | **127,675** |
| Soláthar do dhliteanais agus do mhuirir | 9 | (47,829) | (47,894) |
| Ioncam Iarchurtha | 10 | (62,288) | (57,236) |
| | | **23,000** | **22,545** |
| **Arna maoiniú acu seo a leanas:** | | | |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | 11 | 29,204 | 29,204 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | | (6,204) | (6,659) |
| **Cistí scairshealbhóirí** | | **23,000** | **22,545** |

Thar ceann an Bhoird
**P. Mallee** Cathaoirleach
**H. Minogue** Stiúrthóir

# Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

| **Amhail an 31 Nollaig** | *Nótaí* | **2011 €000** | **2010 €000** |
|---|---|---|---|
| **Glan (eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | *13 (A)* | (6,208) | 19,962 |
| **Torthaí ar infheistíocht agus fónamh a dhéanamh ar airgeadas** | | | |
| Ús infhála | | 574 | 256 |
| | | **(5,634)** | **20,218** |
| **Caiteachas caipitil** | | | |
| Breiseanna le sócmhainní inláimhsithe | *5* | (33,500) | (1,467) |
| Diúscairt sócmhainní inláimhsithe | | 35 | 152 |
| Deontais chaipitil a fuarthas | *10* | 19,191 | — |
| **(Eis-sreabhadh)/Insreabhadh airgid roimh úsáid acmhainní leachtacha agus maoiniú** | | **(19,908)** | **18,903** |
| **Bainistiú ar acmhainní leachtacha** | | | |
| Gluaiseacht i méideanna dlite ag an gcuideachta shealbhaíochta | *13 (B)* | 20,836 | (19,151) |
| **Ardú /(laghdú) in airgead** | *13 (B)* | **928** | **(248)** |

Is éard is acmhainní leachtacha ann méideanna dlite ag an gcuideachta shealbhaíochta, a léiríonn airgead a ghintear nach dteastaíonn láithreach d'oibríochtaí, agus a chuirtear ar fáil don chuideachta shealbhaíochta, inaisíoctha ar éileamh.

| **Réiteach glan-insreafa airgid go gluaiseacht i nglanchistí** | **2011 €000** | **2010 €000** |
|---|---|---|
| Méadú/(laghdú) ar airgead sa bhliain | 928 | (248) |
| Airgead ó athrú in acmhainní leachtacha | (20,836) | 19,151 |
| **Gluaiseacht i nglanchistí** | **(19,908)** | **18,903** |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir | 85,759 | 66,856 |
| **Glanchistí amhail an 31 Nollaig** | **65,851** | **85,759** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## *1. Gnóthas Leantach – Éiginnteacht Ábhartha*

Thabhaigh an chuideachta barrachas €0.4 milliún le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2011 agus, tráth an dáta sin, bhí glansócmhainní darbh fhiú €23 milliún iad agus glansócmhainní reatha darbh fhiú €11.3 milliún iad ag an gcuideachta an 31 Nollaig 2011; baineann €64.8 milliún den mhéid seo le suimeanna dlite ón gCuideachta Shealbhaíochta, CIE.

Tá cóip den nochtadh a bhaineann le Gnóthas Leantach a áirítear le Nóta 1 de Ráitis Airgeadais CIE, san áireamh thíos:

> "Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh, rud a thugann le fios go go mbeidh an Grúpa ábalta leanúint ar aghaidh i mbun feidhme go ceann i bhfad.
>
> Tá an Grúpa ag leanúint ar aghaidh ag feidhmiú i dtimpeallacht ina bhfuil an dúrud dúshlán. Tá an meath leanúnach ar gheilleagar na hÉireann tar éis dul i gcion go holc ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa agus tá dúshláin á gcur os a choinne i rith an ama. Tá laghdú tagtha ar thurais na bpaisinéirí agus tá laghdú tagtha ar an maoiniú Stáit do CIE de bharr laghdú ar Chaiteachas Poiblí an Rialtais trí chéile.
>
> Bhain an Grúpa barraíocht úsáide as na háiseanna iasachtaíochta a bhí ar fáil dó in 2012. Íocadh an barrachas go dtí seo a bhuíochas le réamhíocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí. Gan aon bhearta maolaitheacha i bhfeidhm, meastar go sáróidh an Grúpa a chuid áiseanna reatha iasachtaíochta in 2013 arís. Anuas air sin, tá áiseanna reatha iasachtaíochta bainc an Ghrúpa (ar fiú €107 iad) le dul in éag ar dhátaí éagsúla idir Eanáir agus Deireadh Fómhair 2013. Amhail an 31 Nollaig 2011, bhí fiach bainc agus léasaithe gan íoc dar fiú €77.8 milliún ag an nGrúpa. Is é €121 milliún (lena n-áirítear áiseanna léasaithe €14 mhilliún) na huasáiseanna féich atá ar fáil don Ghrúpa faoi láthair.
>
> Tá maoiniú breise curtha ar fáil ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt don Ghrúpa chun gníomhaíochtaí leanúnacha an Ghrúpa a mhaoiniú aníos leis an 31 Nollaig 2012. Ní dhearnadh cinneadh go fóill maidir le leagan amach ná le méid an chistiúcháin seo. Chuir an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt litir thacaíochta ar fáil don Ghrúpa dátaithe an 30 Lúnasa 2012. Sonraítear sa litir go ndéanann an Roinn "leanúint uirthi faireachán a dhéanamh ar staid airgeadais CIÉ agus tá sí i dteagmháil leis an gcuideachta maidir leis na bearta atá riachtanach chun inbhuanaitheacht airgeadais CIÉ a chosaint." Cé go sonraítear sa litir nach féidir aon rud atá sa litir a fhorléiriú mar ráthaíocht maidir le hoibleagáidí nó le dliteanais CIÉ, sonraítear inti freisin "go bhfuil sé mar bheartas an Rialtais go fóill go mbeidh gnó CIÉ in ann a chuid dliteanas a chomhlíonadh i gcónaí. Is scairshealbhóir aonair CIÉ é an Stát, agus féadaim dearbhú go leanfaidh an Stát ar aghaidh ag feidhmiú a cheart scairshealbhóra agus é mar chuspóir aige go ndéanfaidh CIÉ bainistiú ar a oibríochtaí ar bhealach a chuirfidh ar a chumas a chuid oibleagáidí uile a bhaint amach go tráthúil. Bheadh ar ghníomh ar bith de chuid an Stáit teacht le dlí an AE, áfach, lena n-áirítear rialacha Státchabhrach a d'fhéadfadh fógra agus formheas an Choimisiúin a iarraidh."

Cuirtear in iúl i réamh-mheastacháin reatha an lucht bainistíochta go dtabhóidh an Grúpa tuilleadh easnamh in 2012, in 2013 agus in 2014, agus go mbainfidh sé brabús amach arís in 2015 agus in 2016. Mar gheall ar na heasnaimh airgid sin, beidh gá le háiseanna athnuaite, le maoiniú eile agus le bearta ar nós laghdú costais agus réadú sócmhainní.

Is ábhar éiginnteachta don ghnólacht iad na cúinsí seo agus cruthaíonn siad amhras maidir le cumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh i mbun trádála mar ghnóthas leantach sa chaoi a bhfuil air i láthair na huaire.

Tar éis athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar phlean gnó an Ghrúpa, ar na buntoimhdí don tréimhse idir 2011 agus 2016 agus ar a bhuiséad don bhliain 2012, agus tar éis breithniú a dhéanamh ar thoradh na bpléití a raibh lucht bainistíochta an Ghrúpa ina mbun leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar na mallaibh, tá ionchas réasúnta ag na Comhaltaí Boird go gcinnteoidh gníomhartha a bheartaítear, mar aon leis na háiseanna athnuaite agus maoiniú eile, le maoiniú breise na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le hioncam breise ó mhéaduithe ar tháillí, le tacaíocht an Rialtais, agus le cur i bhfeidhm rathúil na mbeart um laghdú costais, go mbeidh dóthain acmhainní ag an gcuideachta chun leanúint ar aghaidh lena chuid oibríochtaí go ceann i bhfad.

Tá ionchas réasúnta ag na Comhaltaí Boird, in ainneoin go bhfuil roinnt éiginnteachtaí os comhair an Ghrúpa, gur féidir aghaidh a thabhairt ar na héiginnteachtaí seo trí raon beart a ghlacadh. Áirítear leis na bearta seo:

- Sócmhainní nach bunsócmhainní iad a réadú
- An bonn costais a laghdú, lena n-áirítear laghduithe ar an bpárolla
- Méaduithe ilbhliantúla ar tháillí
- Clár caipitil féinmhaoinithe a chiorrú

Bhí pléití tosaigh ar bun ag an lucht bainistíochta lena mbaincéirí i ndáil leis na háiseanna nua sa bhliain 2013. Toisc nach bhfuil smacht iomlán ag an nGrúpa ar thoradh phléití an Ghrúpa leis na bainc, leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair, tá na Comhaltaí Boird den tuairim go bhfuil an riosca ina éiginnteacht ábhartha a chruthaíonn amhras maidir le cumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Mar sin féin, tar éis fiosrúcháin chuí a dhéanamh agus ag cur na éiginnteachtaí a shonraítear thuas san áireamh, tá na Comhaltaí Boird measartha dóchasach go gcuirfear áiseanna athnuaite agus maoiniú eile ar fáil don Ghrúpa agus go dtabharfaidh an Rialtas tacaíocht do na bearta chun cobhsaíocht airgeadais a chinntiú. Ar na fáthanna sin, baineann na Comhaltaí Boird leas as bonn an ghnóthais leantaigh i rith an ama le haghaidh ullmhú na ráiteas airgeadais. Níl coigeartuithe ar bith san áireamh sna ráitis airgeadais a mbeadh gá leo mura mbeadh an Grúpa in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach."

## 2. *Párolla agus costais ghaolmhara*

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne** | | |
| Pá agus tuarastail | 111,956 | 117,159 |
| Costais leasa shóisialaigh | 9,874 | 10,025 |
| Costais phinsin eile | 8,826 | 9,703 |
| | **130,656** | **136,887** |
| Obair innealtóireachta do chuideachtaí an ghrúpa | (58) | (60) |
| **Glanchostais foirne** | **130,598** | **136,827** |
| **Luach saothair na Stiúrthóirí** | | |
| - as seirbhísí mar stiúrthóirí | 66 | 61 |
| - as seirbhísí eile | 58 | 57 |
| **Luach saothair agus sochair oifige na stiúrthóirí san iomlán** | **124** | **118** |
| **Párolla agus costais ghaolmhara** | **130,722** | **136,945** |

Íocadh táillí stiúrthóirí le stiúrthóirí na cuideachta as seirbhísí mar stiúrthóirí mar seo a leanas:

an tUasal P. Mallee; €10,963, an tUasal J. Griffin; €12,600, an tUasal T. Honan; €2,187, an tUasal H. Minogue; €2,808, an tUasal K. Fay; €1,848, an tUasal S. Donohoe; €12,600; an tUasal T. Hussey; €12,600 agus an tUasal M. Ó Faoláin; €10,780

An Dr J. Lynch, an tUasal B. Mc Camley agus an tUasal J. Moloney – ní bhfuair aon duine acu seo aon táillí stiúrthóirí as seirbhísí mar stiúrthóirí.

Tá €176,040 san áireamh i gcostais phánna agus tuarastail do thuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh, an tUasal M. Nolan, as seirbhísí feidhmeannaigh.

| **B'ionann an méid seo a leanas agus an meánlíon fostaithe le linn na bliana** | **Líon Ball Foirne** | |
|---|---|---|
| | **2011** | **2010** |
| Lánaimseartha | 2,103 | 2,189 |
| Tiománaithe bus scoile páirtaimseartha | 502 | 515 |
| **Iomlán** | **2,605** | **2,704** |

### *3a. Ábhair agus Seirbhísí*

| | | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|
| Breosla agus Bealaí | | 32,293 | 28,818 |
| Conraitheoirí eile | | 117,249 | 115,589 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | | 534 | 524 |
| Léas oibriúcháin ar chíos feithiclí | | 546 | 562 |
| Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra | 9 | 5,000 | 7,100 |
| Rátaí | | 851 | 838 |
| Speansais íoctha le stiúrthóirí | | 1 | 2 |
| Ábhair agus seirbhísí eile | | 34,357 | 34,115 |
| | | **190,831** | **187,548** |

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Áirítear a leanas le speansais a cúitíodh le stiúrthóirí: | | |
| Cothú/cóiríocht | 1 | 1 |
| Eile | – | 1 |
| | **1** | 2 |

### *3b. Mír eisceachtúil*

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| *Athstruchtúrú creidmheasa* | 2,300 | – |

Mar chuid de Chlár Aisghabhála Costais 2009 rinne an chuideachta soláthar do chostais téarfa agus luathscoir dheonaigh. Níl aon ghá a thuilleadh le gné den soláthar reatha.

### *4. Dímheas agus amúchadh deontas*

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Dímheas sócmhainní seasta inláimhsithe *(nóta 5)* | 20,946 | 22,722 |
| Amúchadh deontais *(nóta 10)* | (13,083) | (14,783) |
| | **7,863** | **7,939** |

## *5. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe*

| | Feithiclí Paisinéirí Bóthair €000 | Gléasra Agus Innealra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2011 | 258,196 | 18,514 | 276,710 |
| Breiseanna | 30,313 | 3,187 | 33,500 |
| Diúscairtí | (3,205) | – | (3,205) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2011** | **285,304** | **21,701** | **307,005** |
| **Dímheas** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2011 | 156,065 | 11,282 | 167,347 |
| Táille don bhliain | 18,951 | 1,995 | 20,946 |
| Diúscairtí | (3,079) | – | (3,079) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2011** | **171,937** | **13,277** | **185,214** |
| **Glanmhéideanna leabhair** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2011** | **113,367** | **8,424** | **121,791** |
| Amhail an 31 Nollaig 2010 | 102,131 | 7,232 | 109,363 |

(a) Is iad seo a leanas na saolréanna fónta measta de na cineálacha éagsúla sócmhainne chun críocha dímheasa:

| | **Saolréanna (Blianta)** |
|---|---|
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 8-14 |
| Gléasra agus innealra | 5-10 |

(b) Dímheasadh feithiclí paisinéirí bóthair ar chostas €35,111,791 (2010: €22,388,172) go hiomlán, ach bhí siad fós in úsáid ag dáta an chláir chomhardaithe.

(c) Áirítear €30,311,794 (2010: Nialas) le sócmhainní seasta inláimhsithe amhail an 31 Nollaig 2011 i leith sócmhainní seasta inláimhsithe nach bhfuil i seirbhís go fóill.

## *6. Stoic*

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Ábhair chothabhála agus páirteanna spártha | 3,649 | 3,451 |
| Breosla, bealaí agus stoic éagsúla | 1,079 | 1,066 |
| | **4,728** | **4,517** |

Áirítear páirteanna agus comhchodanna leis na méideanna seo a choimeádtar go riachtanach le freastal ar riachtanais fhadtéarmacha oibriúcháin. Níl difríocht ábhartha idir luach athchurtha na stoc agus a luach de réir na leabhar.

## *7. Féichiúnaithe*

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | 2,776 | 2,720 |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna | 9,407 | 2,838 |
| Suimeanna dlite ag an gcuideachta shealbhaíochta *[Nóta 13(b)]* | 64,835 | 85,671 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | 1,061 | 689 |
| | **78,079** | **91,918** |

## *8. Creidiúnaithe*

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | |
| Creidiúnaithe trádála | 14,086 | 13,902 |
| Cáin ioncaim bainte faoi ÍMAT, Tobhach Ioncaim agus MSU | 1,649 | 1,219 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 1,001 | 1,335 |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | 197 | 86 |
| Creidiúnaithe eile | 1,204 | 1 |
| Fabhruithe | 22,182 | 25,685 |
| Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra *(nóta 9)* | 10,000 | 9,500 |
| Ioncam iarchurtha *(nóta 10)* | 14,152 | 13,096 |
| Soláthar athstruchtúraithe | 8,026 | 13,387 |
| | **72,497** | **78,211** |
| Creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach san áireamh thuas | 2,847 | 2,640 |

## *9. Soláthairtí do Dhliteanais agus do Mhuirir*

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Éilimh Dhliteanais Tríú Páirtí agus Fostóra** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 57,394 | 56,062 |
| Úsáidte le linn na bliana | (4,565) | (5,768) |
| Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais *(Nóta 3a)* | 5,000 | 7,100 |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2011** | 57,829 | 57,394 |
| | | |
| **Cionroinnte:** | | |
| Dliteanais reatha *(Nóta 8)* | 10,000 | 9,500 |
| Méideanna dlite i ndiaidh bliain amháin | 47,829 | 47,894 |
| | **57,829** | **57,394** |

**Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra**

Déantar aon chaillteanais nach gclúdaítear le hárachas seachtrach a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais agus tá méideanna nach bhfuil socraithe san áireamh i soláthairtí do dhliteanais agus do mhuirir.

**(a) Clúdach Seachtrach Árachais**

Tá an clúdach seachtrach seo a leanas ag Córas Iompair Éireann, thar ceann na cuideachta:

(i) Dliteanas tríú páirtí os cionn €2,000,000 do bhusanna scoile agus €2,000,000 d'iompar bóthair eile ar aon tarlú amháin nó do shraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompar bóthair amháin, ach amháin i gcás éileamh faoi réir dhlínse na Stát Aontaithe nuair a bhíonn an barrachas cothrom le US$3,300,000.

(ii) Dliteanas Oibreoirí Turais don ghrúpa le slánaíocht €2,000,000 ar aon eachtra amháin agus sa chomhshuim, faoi réir barrachas €250,000.

(iii) Dliteanas tríú páirtí don Ghrúpa os cionn €150,000 d'aon tarlú amháin nó do shraith tarluithe mar thoradh ar eachtraí Riosca Eile, ach amháin;

  (a) Damáiste uisce nuair a bhíonn an barrachas cothrom le €250,000.

  (b) aon éileamh faoi réir dhlínse Stáit Aontaithe Mheiriceá nuair a bhíonn an barrachas cothrom le US$150,000.

(iv) Dliteanais iompar bóthair os cionn coinneáil féin-árachais €11,000,000 i gcomhshuim sa tréimhse dhá mhí dhéag, Aibreán 2011 go Márta 2012, faoi réir scair fhoriomlán choinneála féin-árachais an Ghrúpa arb ionann í agus €27,000,000 i bhfigiúr comhiomlán na bliana ina mbeidh aon scair aonair choinneála féin-árachais sa tréimhse sin cothrom le €50,000 ina dhiaidh.

(v) Maidir le hÁrachas Comhcheangailte Dliteanais Grúpa, nach n-áiríonn dliteanas Sceimhlitheoireachta, is

ionann slánaíocht fhoriomlán agus €200,000,000 don tréimhse dhá mhí dhéag idir Aibreán 2011 agus Márta 2012, le haghaidh Dliteanais iompar iarnróid agus bóthair, Tríú Páirtí agus Rioscaí Eile.

(vi) Gach riosca, lena n-áirítear damáiste stoirme, lena ngabhann slánaíocht €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa os cionn €1,000,000 ar aon chaillteanas amháin nó sraith caillteanas, leis an mbarrachas bliantúil gan dul thar €5,000,000 san iomlán ina mbeidh aon bharrachas aonair féin-árachais sa tréimhse bhliantúil sin cothrom le €100,000 ina dhiaidh.

(vii) Is é €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa lena ngabhann barrachas €500,000 i ndáil le rothstoc bóthair agus iarnróid agus €150,000 i ndáil le damáiste eile maoine, do gach ceann de na caillteanais.

**(b) Soláthairtí agus Gnóthuithe Gaolmhara um Éilimh Dhliteanas Tríú Páirtí agus Fostóra**

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh a thabhaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a thabhaítear ach nach mbíonn tuairiscithe (IBNR) don chuideachta go fóill.

Áirítear le costas measta na n-éileamh speansais a thabhófar le linn éilimh a shocrú. Glacann an chuideachta na céimeanna réasúnta uile le cinntiú go mbíonn an fhaisnéis oiriúnach acu i dtaobh a gcuid neamhchosaintí éilimh. Ar a shon sin, mar gheall ar an éiginnteacht a ghabhann le soláthairtí éilimh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a bunaíodh.

Agus costas measta na n-éileamh gan íoc á ríomh, úsáideann an chuideachta meascán teicnící measta, bunaithe go ginearálta ar anailís staitistiúil an eispéiris stairiúil; glactar leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha comhsheasmhach lenar tharla roimhe seo. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó éiginnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fhéadfadh costas na n-éileamh neamhshocraithe a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe ar phróisis na cuideachta a d'fhéadfadh luas nó moill a chur le forbairt agus/nó taifeadadh éileamh íoctha nó tabhaithe, athruithe ar an timpeallacht dhlíthiúil, éifeacht boilscithe, athruithe ar mheascán gnó agus tionchar na gcaillteanas mór.

Maidir le meastachán a dhéanamh ar chostas na n-éileamh a fógraíodh ach a bhíonn gan íoc, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthosca éilimh arna dtuairisciú, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir le costais éileamh a shocrú lena mbaineann tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir níos mó neamhchinnteachta ná an costas measta d'éilimh a shocrú a bhíonn curtha in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi ócáid an éilimh.

Is gnách go léireoidh cineálacha éilimh a bhfuil críoch tuairiscithe níos faide ag baint leo, agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán sách ard dá bhrí sin, éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus na torthaí deiridh mar gheall ar níos mó deacrachta a bhaineann le meas na gcúlchistí sin.

Ríomhtar soláthairtí d'éilimh mar ollmhéid d'aon aisghabhálacha athárachais nuair is féidir na haisghabhálacha sin a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn aisghabhálacha athárachais i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil d'aisghabhálacha den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe ar nádúr agus ar mhéid chlár athárachais na cuideachta le himeacht ama a léiriú.

Déantar measúnú freisin ar in-aisghabhálacht athárachais ag féachaint d'fhógra ó bhróicéirí na cuideachta maidir le haon athárachóirí atá i mbun tréimhse díscoir.

## *10. Ioncam Iarchurtha*

Tá deontais neamh-inaisíoctha AE agus Deontais an Státchiste a chuirfear chun sochair an chuntais brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní seasta gaolmhara a dhímheas (beartas cuntasaíochta E).

| | **2011** | **2010** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Deontais Chaipitil** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 70,332 | 85,115 |
| Faighte agus infhála | 19,191 | - |
| Aistriú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais *(Nóta 4)* | (13,083) | (14,783) |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh | 76,440 | 70,332 |
| Lúide aistriú chuig dliteanais reatha *(Nóta 8)* | (14,152) | (13,096) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **62,288** | **57,236** |

## *11. Scairchaipiteal*

| | **2011** | 2010 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| **Údaraithe** | | |
| Gnáthscaireanna €1.27 an ceann | 40,632 | 40,632 |
| **Leithroinnte, glaoite agus íoctha go hiomlán** | | |
| Gnáthscaireanna €1.27 an ceann | 29,204 | 29,204 |

## *12. Réiteach Gluaiseachtaí i gCistí Scairshealbhóirí*

| | **2011** | 2010 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | 455 | (2,243) |
| Cistí scairshealbhóirí cothromais tosaigh | 22,545 | 24,788 |
| **Cistí scairshealbhóirí cothromais deiridh** | **23,000** | **22,545** |

## *13. Ráiteas ar Shreabhadh Airgid*

| | **2011** **€000** | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **A) Réiteach easnaimh oibriúcháin chuig (eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Easnamh oibriúcháin roimh íocaíocht PSO | (45,822) | (47,538) |
| Íocaíocht PSO | 43,403 | 45,039 |
| | (2,419) | (2,499) |
| Dímheas agus caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | 21,037 | 23,698 |
| Deontais chaipitil a amúchadh | (13,083) | (14,783) |
| Mír eisceachtúil | 2,300 | – |
| (Méadú)/laghdú ar stoic | (211) | 825 |
| (Méadú)/laghdú ar fhéichiúnaithe | (6,997) | 8,314 |
| (Laghdú)/méadú ar chreidiúnaithe | (1,909) | 251 |
| Méadú ar sholáthairtí do dhliteanais agus do mhuirir | 435 | 1,332 |
| (Laghdú)/méadú ar sholáthar athstruchtúraithe | (5,361) | 2,824 |
| **(Eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **(6,208)** | **19,962** |

| | **Amhail an 1 Ean. 2011 €000** | **Sreabhadh Airgid €000** | **Amhail an 31 Nollaig 2011 €000** |
|---|---|---|---|
| **B) Anailís ar athrú i nglanchistí** | | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 88 | 928 | 1,016 |
| Suimeanna dlite ag an gcuideachta shealbhaíochta (Nóta 7) | 85,671 | (20,836) | 64,835 |
| | **85,759** | **(19,908)** | **65,851** |

## *14. Oibleagáidí Léas Oibriúcháin*

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Ceangaltais faoi léasanna oibriúcháin iníoctha nach bhféadfaí a chur ar ceal mar seo a leanas:** | | |
| Laistigh de bhliain amháin: | 397 | 342 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | 830 | 214 |
| | **1,227** | **556** |

## *15. Pinsin*

Tá fostaithe Bhus Éireann ina mbaill de scéimeanna pinsin Ghrúpa Chóras Iompair Éireann. Feidhmíonn Grúpa Chóras Iompair Éireann dhá scéim sochair sainithe a chlúdaíonn formhór na bhfostaithe, an dá cheann á maoiniú ag ranníocaíochtaí ón ngrúpa agus na baill.

Cinneann achtúire neamhspleách cáilithe na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta. Ní féidir scaireanna duine aonair i sócmhainní agus dliteanais scéim pinsin Chóras Iompair Éireann a shainaithint, ar bhonn comhsheasmhach agus réasúnta fiú dá mbeifí in ann baill neamhghníomhacha a leithdháileadh thar fhochuideachtaí bunaithe ar an lá deireanach fostaíochta, d'fhéadfadh go raibh fostaithe ag obair do níos mó ná fochuideachta amháin. Dá bhrí sin, ní féidir a shainaithint cé leis an dliteanas (agus an sócmhainn chomhfhreagrach) do na tréimhsí fostaíochta leanúnacha.

Aithníodh ranníocaíochtaí leis na scéimeanna seo, amhail is dá mba scéim ranníocaíochta a bhí ann mar a cheadaítear in FRS 17 'Sochar Scoir' ag cuideachtaí Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

Léirigh an luacháil achtúireach is déanaí ar na scéimeanna do sholáthar FRS 17 amhail an 31 Nollaig 2011 go raibh easnamh €159.2m sna scéimeanna.

Ba é €8.83m an costas pinsin don bhliain ar na scéimeanna le sochar sainithe; áirítear na costais seo i nóta 2.

## *16. Tiomantais Chaipitil*

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Ar conradh le haghaidh** | 2,300 | 2,780 |
| **Arna mhaoiniú** | 383 | 911 |

## *17. Dliteanais Theagmhasacha*

Ó am go chéile, bíonn an chuideachta ina bpáirtí in imeachtaí éagsúla dlí a bhaineann le cúrsaí tráchtála atá á láimhseáil agus á gcosaint i ngnáthchúrsa gnó. Déantar athbhreithniú ar stádas imeachtaí ar feitheamh nó arna mbagairt le comhairle dlí ghrúpa CIÉ ar bhonn rialta. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh caillteanais, más ann dóibh, a éiríonn as baint leis na nithe sin de bhreis ar sholáthairtí a rinneadh sna ráitis airgeadais go hábhartha.

## *18. Glanbharrachas/(glaneasnamh) de réir gníomhaíochta*

| **2011** | **Iompar tráchtála agus scoile €000** | **Seirbhísí Poiblí Iompar Céime €000** | **Cathair €000** | **Fo-Iomlán €000** | **Iomlán €000** |
|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam | 218,502 | 42,833 | 22,350 | 65,183 | 283,685 |
| Costais | 221,569 | 68,169 | 36,895 | 105,064 | 326,633 |
| Easnamh roimh íocaíocht PSO | (3,067) | (25,336) | (14,545) | (39,881) | (42,948) |
| Íocaíocht PSO | – | – | – | 43,403 | 43,403 |
| Toradh tar éis PSO | (3,067) | – | – | 3,522 | 455 |
| **2010** | | | | | |
| Toradh tar éis PSO | (5,257) | – | – | 3,014 | (2,243) |

Feidhmíonn an chuideachta gníomhaíochtaí tráchtála, iompar scoile agus seirbhíse poiblí. Is í an phríomhghníomhaíocht a fheidhmítear ar bhonn tráchtála an Luasbhealach.

Feidhmítear an Scéim Iompar Scoile faoi chonradh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is iad na príomhghníomhaíochtaí eile Seirbhísí Iompar Céime agus Cathrach a bhfaigheann an chuideachta íocaíochtaí PSO i leith na ngníomhaíochtaí seirbhíse poiblí seo.

Leithdháiltear costais do Luasbhealach, Seirbhísí Iompar Céime agus Cathrach ar bhonn méadrachta a dhíorthaítear ó shonraí na tréimhse roimhe, ó staidéir neamhspleácha ar oibríochtaí Bhus Éireann, an líon busanna agus míleáiste. Ba é €39.88m costas na n-oibríochtaí PSO in 2011 agus fuarthas cúiteamh €43.40m. Ba chóir féachaint ar an mbarrachas réasúnta €3.52m i gcomhthéacs na bhfo-íocaíochtaí suntasacha sna blianta roimhe seo.

### *19. Páirtithe Gaolmhara*

Is páirtithe gaolmhara den chuideachta iad aonáin faoi smacht Rialtas na hÉireann de bhua smacht Rialtas na hÉireann ar an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann.

I ngnáthchúrsa gnó, ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann; áirítear leis na príomhchinn acu sin BSL, an Post, Bord Gáis agus Banc na hÉireann. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil candam de na ceannacháin seo bainteach le gnó na cuideachta. Tugann ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis atá ag teastáil faoi Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais Uimh. 8 (nochtuithe na bpáirtithe gaolmhara) a bhaineann le hidirbhearta idir an chuideachta, a bhfochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

### *20. Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí*

Ba é €43.4m an PSO a bhí iníoctha leis an gcuideachta tríd an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 (2010: €45m).

### *21. Ballraíocht i nGrúpa Chóras Iompair Éireann*

Is fochuideachta atá i mBus Éireann-Irish Bus de chuid Chóras Iompair Éireann (an Grúpa) agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí ballraíochta sa ghrúpa.

### *22. Ceadú Ráitis Airgeadais*

D'fhormheas na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 19 Deireadh Fómhair 2012.

Bus Éireann